Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Leathanach

ÁBHAIR

Réamhfhocal 4

Réamhrá leis an gCathaoirleach 6

Caibidil 1: Na hAchtanna um Eitic **10**

Raon na nAchtanna um Eitic 11

Oiriúint na nAchtanna um Eitic maidir le comhlachtaí poiblí agus brontannais 12

Gearáin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin 13

Fiosrúcháin Féinthionscnaithe 14

Sealbhóirí Oifige 14

An seasamh i ndáil leis an Teachta Michael Collins 15

Conarthaí caidrimh phoiblí a bhronnadh 16

Cóid Iompair 16

Caibidil 2: Na hAchtanna Toghcháin **20**

Síntiúis 23

Toghchán Pharlaimint na hEorpa i Meitheamh 2004 25

Toghchán na hUachtaránachta i nDeireadh Fómhair 2004 26

Fiosrúcháin maidir le caiteachas ag olltoghchán Dháil Éireann 2002 26

Alt 33 den Acht Toghcháin (Leasú) 2004 27

Aonaid chuntasaíochta 28

Tríú páirtithe 28

Caibidil 3: Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste **32**

Maoiniú díreach faoi na hAchtanna Toghcháin 33

Aisíoc costas toghcháin 34

Maoiniú faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí 34

Caibidil 4: Saoráil Faisnéise **36**

Iarratais ar fhaisnéis le linn 2004 37

Cosc ar nochtadh faisnéise 37

Caibidil 5: Costais i 2004 **38**

Leathanach

AGUISÍN 1 - TÁBLAÍ **40**

Tábla A - Síntiúis a nochtaigh Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa i leith 2003 agus 2004 41

Tábla B - Síntiúis a rinne ildheontóirí i 2003 agus 2004 42

Tábla C - Síntiúis a nochtaigh páirtithe polaitíochta i leith 2003 agus 2004 42

Tábla D - Caiteachas iomlán; síntiúis a nochtaigh iarrthóirí nár éirigh leo; aisíoc costas toghcháin ag toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 43

Tábla E - Toghchán na hUachtaránachta 2004 - cuntas ar na síntiúis a nochtaigh an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta 43

Tábla F - Toghchán na hUachtaránachta 2004 - cuntas ar chostais toghcháin ar thug an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta cuntas orthu 44

Tábla G - Sonraí de mhaoiniú Státchiste ag páirtithe polaitíochta cáilithe faoina hAchtanna Toghcháin maidir le 2003 agus 2004 44

Tábla H - Miondealú ar an gcaiteachas a rinne páirtithe polaitíochta cáilithe ar mhaoiniú Státchiste faoina hAchtanna Toghcháin i 2003 agus 2004 45

Tábla I - Sonraí faoi mhaoiniú Státchiste ag ceannairí parlaiminte pháirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Ceannairí Páirtí maidir le 2003 agus 2004 46

Tábla J - Miondealú ar chaiteachas a rinne ceannairí parlaiminte pháirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Ceannairí Páirtí i 2003 agus 2004 47

Tábla K - Líon iomlán maoinithe Státchiste a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe faoina hAchtanna Toghcháin agus an Liúntas Ceannairí Páirtí i 2003 agus 2004, agus aisíocaíochtaí costas toghcháin a rinneadh le hiarrthóirí maidir le olltoghchán Dála 2002 (a rinneadh i 2003) agus toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 (a rinneadh i 2004) 48

AGUISÍN 2 - FOILSEACHÁIN LEIS AN GCOIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN I 2004 **50**

RÉAMHFHOCAL

Réamhfhocal

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí do 2003 a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais.

An Breitheamh Matthew P. Smith
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Meitheamh 2005

Grianghraif de chomhaltaí

An Breitheamh Matthew P. Smith
Cathaoirleach

Deirdre Lane
Cléireach an tSeanaid

Liam Kavanagh
Iar Bhall de Dháil Éireann

John Purcell
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste



Kieran Coughlan
Cléireach na Dála

Emily O'Reilly
Ombudsman

RÉAMHRÁ LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Clúdaíonn ról maoirseachta an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An Coimisiún um Chaighdeáin) na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), na hAchtanna Toghcháin 1997, mar atá leasaithe, (na hAchtanna Toghcháin) agus an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001. Ba é seo an tríú bliain iomlán ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i mbun oibre sa tseirbhís phoiblí agus leathnaíodh go mór dualgais an Choimisiúin i 2004. Ina theannta sin, foilsíodh cóid iompair don státseirbhís agus don tseirbhís údaráis áitiúil, rud a bhí an-tábhachtach. Déantar cur síos níos mine ar na forbairtí sin níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Chomh maith le saincheisteanna a tháinig chun cinn faoi na hAchtanna um Eitic, tharla roinnt imeachtaí le linn na bliana a raibh baint acu le feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi na hAchtanna Toghcháin. Bhí siad sin anuas ar ghnáthghníomhaíochtaí an Choimisiúin atá ceangailte leis an reachtaíocht sin agus dhírigh siad ar thoghchán Pharlaimint na hEorpa i Meitheamh 2004 agus ar thoghchán na hUachtaránachta i nDeireadh Fómhair 2004. Tá breis sonraí ar fáil i gCaibidil 2 den tuarascáil.

Tá an reachtaíocht atá á maoirsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i bhfeidhm anois le nach mór deich mbliain. I mo thuairimse, in éineacht le tionscnaimh eile a bhaineann le saoráil faisnéise, bhí éifeacht an-tairbheach ag an reachtaíocht ó thaobh an tionchair a bhí aici. Níl aon chead bogáis ann áfach i réimse atá chomh tábhachtach sin don phobal. Mar sin tá an-suim agam in obair atá á déanamh ag an taiscumar smaointeoireachta atá lonnaithe i bPáras, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Bhí tuairim áirithe i gceann de na tuarascálacha is déanaí dá cuid *"Rinne tíortha iarrachtaí móra le deich mbliana anuas institiúidí, córais agus sásraí a fhorbairt chun ionracas a chur chun cinn agus chun cosc a chur le héilliú sa tseirbhís phoiblí. Éilíonn an t-éileamh atá ag dul i méid ar fhianaise tionchair ar institiúidí poiblí a n-aird a dhíriú ar éifeachtachas na n-iarrachtaí sin a dheimhniú." Lean an tuarascáil "Tá an státseirbhís ag cur brú níos mó ar Rialtais an dul chun cinn atá á dhéanamh ó thaobh ionracas a chur chun cinn agus cosc a chur ar éilliú a thaispeáint."* Níl aon amhras faoi ach go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha sin a bhfuil an brú sin fós le feiceáil. Bunaíodh roinnt Binsí Fiosrúcháin mar chuid den fhreagra a tugadh air sin chun déileáil le hábhair ina n-áirítear pleanáil agus íocaíochtaí le polaiteoirí. Tá sé ráite cheana féin agam go bhfuil sárobair á déanamh ag na Binsí, ach ag an am céanna, rinne mé tagairt don míbhuntáiste atá leo a d'fhéadfadh an-damáiste a dhéanamh do dheá-cháil tíre a bhfuil gníomhaíochtaí a rinneadh inti blianta ó shin á dtabhairt chun solais agus á n-imscrúdú ar bhealach atá an-phoiblí go deo.

I mo thuairimse, tá sé in am anois treoir a ghlacadh ón ECFE trí mheasúnú a dhéanamh ar cibé, agus cé chomh mór, an raibh tionchar ag na forbairtí reachtúla agus ag na forbairtí eile a rinneadh le deich mbliana anuas ar iompar ionadaithe poiblí agus ar sheirbhísigh phoiblí tríd is tríd. Mar a dúirt an ECFE, tá sé an-tábhachtach go ndaingeofaí go láidir cleachtadh den chineál seo. Ní mór a chinntiú leis sin go mbíonn an aidhm sainmhínithe go soiléir; go mbíonn an t-ábhar atá i gceist sainiúil; go mbíonn an measúnú pleanáilte agus eagraithe go maith, lena n-áirítear roghnú an mheasúnóra, go mbíonn an modheolaíocht aontaithe; go ndéantar lánpháirtiú ar na torthaí isteach sa tsraith pholasaí. Bheadh an Coimisiún um Chaighdeáin toilteanach i gcónaí a chuid taithí féin a chur ar fáil agus cuidiú leis an bpróiseas agus é a éascú ar pé bealach a d'fhéadfadh sé sa chás go gcinnfí dul ar aghaidh le measúnú den sórt sin.

Saincheist a tháinig chun cinn arís i 2004 ná an míthuiscint is léir atá ar roinnt fostaithe agus stiúrthóirí chomhlachtaí poiblí a chlúdaíonn na hAchtanna um Eitic maidir leis an seasamh i ndáil le ceanglais nochtaithe agus ceanglais eile na reachtaíochta sin a chomhlíonadh. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i gcuid mhaith comhlachtaí poiblí áit nach mór céimeanna a ghlacadh sa chás go dtarlaíonn easaontacht leasa. Ní bhíonn aon deacracht leis sin chomh luath agus a thuigtear gur ceanglas daingean ar leithligh agus difríocht ó aon ghníomh eile a d'fhéadfaí a ghlacadh é na hoibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Eitic a chomhlíonadh go beacht. Bunaithe ar fhiosrúcháin a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin, táthar imníoch go ndealraíonn sé, i roinnt comhlachtaí poiblí, go bhfuil an tuairim ann gur leor oibleagáidí nochtaithe inmheánach a chomhall agus go bhforléireofaí ansin go rabhthas ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil a chuireann na hAchtanna um Eitic i bhfeidhm. Tá tagairt déanta den tábhacht atá le comhlachtaí poiblí a bheith ag obair leis na hAchtanna um Eitic níos déanaí sa tuarascáil seo.

I dTuarascálacha Bliantúla an Choimisiúin um Chaighdeáin do 2002 agus 2003 thug mé suntas don seasamh atá ag Éirinn ar

an Innéacs Aireachtála Éillithe arna fhoilsiú ag an gcomhlacht Transparency International. Grádaíonn an tInnéacs tíortha mar a *"shíleann saineolaithe éilliú"* a bheith sa tír. I dTuarascáil Bhliantúil 2003 dúirt mé go raibh feabhas tarlaithe sa mhéid is go raibh grádú na hÉireann bailithe ón 23ú háit i 2002 go dtí an 18ú háit i 2003 amach as sampla de 133 tír ar an iomlán. I 2004, cé gur fhan an scór mar a chéile, d'fheabhsaigh grádú na hÉireann arís, chuig an 17ú háit amach as sampla 146 tír ar an iomlán. Ba iad na foinsí a úsáideadh chun mar a "shíleann saineolaithe éilliú" a bheith in Éirinn ná Columbia University (Na Stáit Aontaithe), an tAonad Intleachta Eacnanúil, Institiúid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bhainisteoireachta, Grúpa Idirnáisiúnta Margaidh, Ionad Taighde ar Mhargaí an Domhain agus Fóram Eacnamaíochta an Domhain. Is uirlis an-tábhachtach é an Innéacs Aireachtála Éilithe a bhfuil tábhacht dhomhanda leis agus is féidir leis éifeacht a bheith aige ar déanamh cinntí i réimsí a bhaineann le hinfheistíocht inmheánach. Tuigim iarrachtaí Transparency International agus treisím leo chun feasacht a ardú maidir le saincheisteanna éilithe ar scála domhanda. Tá craobh den eagraíocht bunaithe anois sa tír seo. Táim dóchasach go gcuideoidh an fhorbairt sin linne a bhfuil suim againn san ábhar tuiscint níos fearr a fháil ar cá háit a bhfeiceann na saineolaithe seachtracha an phríomhbhagairt éilithe, agus cad iad na céimeanna breise is gá a ghlacadh chun déileáil leis an gceist. Chuideodh sé go mór freisin dá n-úsáidfeadh an Chraobh náisiúnta a hoifigí chun mionléiriú a thabhairt ar an modheolaíocht atá i bhfeidhm chun an Innéacs Aireachtála Éilithe a chur le chéile agus, go háirithe, na critéir a leagan amach, lena n-áirítear ábhar na gceistiúchán, a úsáidtear chun eolas a fháil ó shaineolaithe maidir leis an tír seo agus na beartais, más ann, a ghlactar chun a gcuid smaointe a dhéanamh bailí.

Ar deireadh, ach an oiread le blianta roimhe seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile atá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin a bhí go díograiseach i mbun oibre in aineoinn an t-ualach oibre atá ar chuid acu cheana féin a bhfuil poist lánaimseartha eile acu a mbíonn siad cruógach acu.

Ba mhaith liom arís buíochas a ghlacadh le Rúnaí an Choimisiúin, Brian Allen, agus an fhoireann thiomanta agus spreagtha atá aige a lean ag seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeáin le linn na bliana. Is é an Rúnaí a dhéanann cuid mhór den obair leanúnach a bhaineann le reachtaíocht eitice agus toghcháin. Cé go bhfuil ualach oibre i bhfad níos mó faoina chúram anois, éiríonn leis an Rúnaíocht a ndualgas a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach a chuidíonn go mór leis na deachaidrimh oibre atá i bhfeidhm idir an Coimisiún um Chaighdeáin agus an speictream leathan cliaint atá aige.

CAIBIDIL 1

Na hAchtanna um Eitic

Le linn 2004 lean an Coimisiún um Chaighdeáin dá mhaoirseacht ar an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Acht 1995) agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 (Acht 2001), ar a dtugtar na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) le chéile. Baineann a chuid oibre sa réimse seo go príomha le treoirlínte agus comhairle a sholáthar do chliaint, maoirseacht a dhéanamh ar a nochtadh leasanna, riaradh oibleagáidí comhlíonta cánach a bhaineann le comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais agus le seirbhísigh phoiblí shinsearacha, foilsiú cód iompair agus, i gcás gur cuí, imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhanta ar na hAchtanna um Eitic.

Sa chaibidil seo den tuarascáil, tugann an Coimisiún um Chaighdeáin cuntas ar a chuid gníomhaíochtaí faoi na hAchtanna um Eitic i 2004 ina áiríodh socruithe a dhéanamh chun *Cód Caighdeán agus Iompair don Státseirbhís* a dhréachtaigh an tAire Airgeadais a fhoilsiú.

Tá trácht freisin sa chaibidil ar raon na nAchtanna um Eitic agus go háirithe ar chomh leathan agus atá feidhmiú na nAchtanna um Eitic chuig líon mór comhlachtaí poiblí san earnáil leathstáit. Thug an Coimisiún um Chaighdeáin treoir agus comhairle do stiúrthóirí ainmnithe agus do shealbhóirí poist ainmnithe sna comhlachtaí seo ag leagan síos a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht. Soláthraítear ann freisin faisnéis ar shásraí gearán na nAchtanna um Eitic agus na cumhachtaí atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chun déileáil le sáruithe líomhanta ar an reachtaíocht. Tugtar achoimre ar fhiosrúcháin a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin i gcásanna gur úsáideadh saoráidí ar íocadh astu amach as cistí poiblí chun an *Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige* a shárú. Chomh maith leis sin tá trácht ann faoi fhorbairtí maidir le cóid iompair eile a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí.

Raon na nAchtanna um Eitic

I dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin 2003 léiríodh imní faoin moill a bhí ar an Aire Airgeadais rialacháin athbhreithnithe a thabhairt isteach maidir le comhlachtaí poiblí a fhorordú, agus stiúrthóireachtaí agus poist iontu a ainmniú, chun críocha na nAchtanna um Eitic. Tháinig athrú structúrtha suntasach laistigh den tseirbhís phoiblí anuas ar rialacháin a tugadh isteach i 1996 a chlúdaíonn an státseirbhís, agus i 1997 maidir leis an earnáil leathstáit i gcoitinne.

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh dhá shraith rialachán a thabhairt isteach a shínigh an tAire Airgeadais an 3 Samhain 2004 faoi Acht 1995. Is iad na rialacháin sin *Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 2004 (I.R. Uimh. 698 de 2004)*, a fhorordaíonn poist ainmnithe i Ranna agus in Oifigí na státseirbhíse agus *Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 2004 (I.R. Uimh 699 de 2004)*, a fhorordaíonn comhlachtaí poiblí, stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Tháinig éifeacht leis na rialacháin sin an 1 Eanáir 2005.

Méadaíonn na rialacháin nua sin an líon comhlachtaí forordaithe sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne atá laistigh de raon na nAchtanna um Eitic ón líon a bhí ann ag an tús 100 go dtí beagnach 400. Freisin, i gcuid mhaith cásanna, tá méadú tagtha ar líon na bpost ainmnithe laistigh de chomhlachtaí poiblí, a bhí clúdaithe ag reachtaíocht cheana féin, sul a rinneadh na rialacháin nua, mar thoradh ar bhreis post ainmnithe a chur leis an liosta de phoist ainmnithe agus de bhua forála sna rialacháin nua áit a mbeidh gach post le huastuarastal cothrom le uasthuarastal Phríomhoifigigh sa státsheirbhís nó níos mó ná é (Seirbhís Ginearálta, Aicme B ÁSPC) ainmnithe anois. Is fiú a thabhairt ar aird gur fágadh ar lár, cé go bhfuil roinnt post sna 35 Bord Fiontair Contae agus Cathrach, lena n-áirítear post an Phríomhfheidhmeannaigh, forordaithe mar phoist ainmnithe chun críche na nAchtanna um Eitic, níl comhaltaí na mBord sin forordaithe mar stiúrthóirí ainmnithe agus mar sin, ní chlúdaíonn an reachtaíocht iad.

De bhrí go rabhthas ag súil le rialacháin nua a dhéanamh, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tús leis an tasc chun na *Treoirlínte ar Chomhlíonadh Fhorálacha na nAchtanna um Eitic*, a foilsíodh go deireadh in Eanáir 2003 a thabhairt cothrom le dáta. Ní fhéadfaí na treoirlínte a bhí cothrom le dáta a fhoilsiú go dtí go raibh cinneadh déanta ag an Aire Airgeadais maidir leis na daoine ar chóir dóibh siúd atá clúdaithe sna rialacháin nua ráitis leasa a chur faoina mbráid. I gcás stiúrthóirí ainmnithe, ní mór gur oifigeach de chuid an chomhlachta phoiblí a bheadh sa duine a bheadh i gceist. Tá feidhm leis sin i gcás poist ainmnithe chomh maith, seachas roinnt eisceachtaí. Tá na cinntí criticiúil d'fheidhmiú na reachtaíochta agus ní mór sonraí faoin

reachtaíocht sin a chur san áireamh mar aguisín sna treoirlínte a bheidh tugtha chun dáta. Chomh maith leis sin, sula bhfoilseofar na treoirlínte, éilítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin dul i gcomhairle leis na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann maidir leis an ábhar. Ní bhíonn an comhairliúchán seo ar bun ach amháin nuair a bhíonn cinntí déanta.

Tá sé tugtha le fios ag an Roinn Airgeadais go ndéanfar athbhreithniú ar na rialacháin ar bhonn rialta. Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin fáilte roimh an gcinneadh seo, a chinnteoidh go gcoinneofar chun dáta clúdach na nAchtanna um Eitic. Bheadh imní ar an gCoimisiún um Chaighdeáin áfach go mbeadh cinntí, mar a thagraítear dóibh thuas, i bhfeidhm chun teacht le haon rialacháin a dhéanfar amach anseo. Mura dtarlaíonn sé sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh ar chumas stiúrthóir nó fostaí ainmnithe i gcomhlacht poiblí a mbeadh easaontacht leasa aige/aici maidir le feidhm oifigiúil nach mbeadh á feidhmiú, an duine ar chóir an ráiteas ábhair leasa a chur faoin b(h)ráid a ainmniú. Tá sé mínithe don Choimisiún um Chaighdeáin gur fachtóir mhór a bhí sa mhoill cinntí a dhéanamh i gcás rialachán 2004 ná gur theip ar roinnt Ranna agus Oifigí Rialtais comhoibriú in am leis an Roinn Airgeadais. Chomh maith leis na cinntí a dhéanamh in am, bheadh an Coimisiún um Chaighdeáin ag súil go ndéanfaí na rialacháin chomh luath agus a d'fhéadfaí roimh an dáta a mbeadh feidhm leo chun deis a thabhairt na treoirlínte ar chomhlíonadh a thabhairt cothrom le dáta agus chun comhairliúchán cuí leis na Coistí um Leasanna Comhaltaí a éascú.

Tá sé fíor-thábhachtach go dtabharfadh gach comhlacht poiblí forordaithe aird mhór ar na hoibleagáidí a bhaineann le stiúrthóirí ainmnithe agus le fostaithe faoi na hAchtanna um Eitic. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil an phríomhfhreagracht ar na daoine aonair lena mbaineann chun na freagrachtaí seo a nochtadh. Mar sin féin bheadh sé an-áisiúil dá gcuirfeadh comhlachtaí poiblí tuairisc chuí isteach mar chuid den oiliúint induchtaithe agus dá mbeadh teagmháil struchtúrtha ann ina dhiaidh sin, ar a laghad uair sa bhliain, le lucht pearsanra, lena n-áirítear stiúrthóirí, chun cur i gcuimhne dóibh na céimeanna atá riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht. Chomh maith leis an ábhar eolais ginearálta a sholáthraíonn sé ar bhonn rialta, tá an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil chun cúnamh a thabhairt sa phróiseas seo agus treoir dhíreach agus comhairle a sholáthar ar aon saincheisteanna a bhaineann le forálacha na nAchtanna um Eitic mar a bhíonn feidhm leo i gcás stiúrthóirí agus fostaithe ainmnithe aonair.

Oiriúnacht na nAchtanna um Eitic maidir le comhlachtaí poiblí agus bronntanais

I gcomhthéacs na nAchtanna um Eitic, saincheist a tháinig chun cinn le breithniú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le linn na bliana ná chomh hoiriúnach a bhíonn sé ag comhlachtaí poiblí bronntanais a bhronnadh ar dhaoine a bhfuil ceangal acu leis an gcomhlacht. Faoin reachtaíocht, is féidir gur airgead nó áitreabh eile a bheadh i mbronntanas.

Éilítear ar stiúrthóirí ainmnithe chomhlachtaí poiblí forordaithe aon leasanna a nochtadh (lena n-áirítear bronntanais a fuarthas a raibh luach níos mó ná €650 ag baint leo) a bhféadfadh tionchar ábharthach a bheith acu orthu maidir le feidhmiú a gcuid feidhmeanna *"ar an mbonn go bhféadfadh gníomhú mar sin dul i bhfeidhm ar na leasanna, chun buntáistí substaintiúla a bhronnadh nó a cheilt ar an duine, nó céile, nó páiste"*.

Forálann na hAchtanna um Eitic chomh maith sa chás go dteipeann ar fheidhm stiúrthóireachta (lena n-áirítear Cathaoirleach) i gcomhlacht poiblí feidhmiú agus go mbíonn a fhios ag an duine a bhíonn ag comhlíonadh na feidhme go bhfuil leas ábhartha aige/aici nó ag *'duine bainteach'* (lena n-áirítear stiúrthóir comhalta) sa cheist (i.e. an toradh nó éifeacht a bheadh ag comhlíonadh na feidhme ná buntáiste suntasach a bhronnadh ar an duine nó ar an *'duine bainteach'*), ní mór don duine a bheadh ag beartú an fheidhm a chomhlíonadh na stiúrthóirí eile a chur ar an eolas i scríbhinn agus ní fhéadfaidh sé/sí an fheidhm a chur i gcrích mura bhfuil cúiseanna doshásaithe ann a chaithfear a thabhairt le fios i scríbhinn do na stiúrthóirí eile **agus don Choimisiún um Chaighdeáin.**

Ciallaíonn *"gníomh sonraithe"* faoi na hAchtanna um Eitic gníomh nó faillí atá, nó a bhfuil a chuid imthoscaí, neamhsheasmhach ag an duine sonraithe (lena n-áirítear an Cathaoirleach agus stiúrthóirí chomhlachta poiblí) feidhmeanna an phoist a chomhlíonadh i gceart nó ag an bpobal tríd is tríd muinín a choinneáil i bhfeidhmiúchán den sórt sin agus tá tábhacht mhór phoiblí leis an gceist. Má theastaíonn treoir faoin gciall atá le *"tábhacht phoiblí suntasach"*, luaitear buntáiste a fhabhraítear don duine sonraithe nó *'duine bainteach'* le luach de ar a laghad €12,697.

Níos déanaí sa tuarascáil seo, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cuntas ar an imní atá air go bhfuil sealbhóirí oifige (i.e. Airí agus Airí Stáit) ag baint úsáide as saoráidí ar íocadh astu amach as cistí poiblí. Tá an cheist sin oiriúnach chomh maith i gcás chomhlachtaí poiblí a bhreithneodh cistí poiblí a úsáid chun luach saothair a thabhairt do stiúrthóirí, thar a luach saothair

aontaithe agus os a chionn, trí bhronntanais daora a bhronnadh orthu, nuair a théann a dtéarma oifige in éag nó ag tráth éigin eile. D'fhéadfadh gurb é an réasúnacht a bheadh le cinneadh den sórt sin ná nach bhfuil dóthain aitheantais á thabhairt don tseirbhís a chuireann stiúrthóirí ar fáil. Cibé an í sin an tuairim choitianta nó nach í, agus beag beann ar na buntáistí, breithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin, mar a bhíonn i ngach cás, gurb é an cúrsa ceart chun déileáil le cúiteamh stiúrthóirí chomhlachtaí poiblí ná trí chomhaontuithe luach saothair a bheadh ceadaithe go hoifigiúil agus ní tríd socruithe *ad-hoc* a mbíonn úsáid míchuí á bhaint as cistí poiblí mar thoradh orthu. Sa chás go dtagann saincheisteanna chun tosaigh do chomhlacht poiblí maidir le luach saothair a chuid stiúrthóirí, ba chóir an phríomh Roinn a chur ar an eolas faoi, agus más gá, an Roinn Airgeadais, a bhfuil freagracht foriomlán uirthi sa réimse polasaí seo.

Léiríonn an chaoi a bhféadfadh cásanna teacht chun cinn mar a chuirtear síos orthu thuas an riachtanas práinneach atá ann an cód iompair atá molta do chomhlachtaí Stáit atá á dhréachtú ag an Aire Airgeadais a thabhairt chun críche agus cuirfidh sé leis na cóid atá i bhfeidhm cheana féin do chomhaltaí an dá Theach, do shealbhóirí oifige agus do státseirbhísigh. Sa chás go bhféadfadh moill a bheith ann an cód seo a thabhairt isteach, mholfadh an Coimisiún um Chaighdeáin, mar chéim láithreach, go mbreithneofaí an *Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* atá foilsithe cheana féin (ag an Aire Airgeadais i nDeireadh Fómhair 2001) a leasú chun treoirlínte cuí a sholáthar maidir le bronntanais.

Gearáin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin

Forálann na hAchtanna um Eitic chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin sa chás go meastar go bhfuil sárú déanta ar an reachtaíocht. Faoi alt 22 d'Acht 1995 sonraítear na foinsí óna bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gearáin a fháil. Faoi alt 4 d'Acht 2001 leathnaíodh na himthosca ina bhféadfaí gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar shampla, féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin má mheasann siad go bhféadfadh sé go ndearna duine sonraithe[1] nó duine bainteach[2] gníomh atá ar neamhréir le comhlíonadh cuí na bhfeidhmeanna nó an phoist nó na hoifige i seilbh ag an duine sin. Tugtar achoimre sa tábla trasna ar na sonraí iomlána faoi raon na bhforálacha gearán.

Sa chéad chás, dhéanfaí gearáin in aghaidh chomhaltaí Dháil Éireann nach sealbhóirí oifige iad leis an gCoiste um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann agus dhéanfaí gearáin in aghaidh chomhaltaí Sheanad Éireann nach sealbhóirí oifige iad leis an gCoiste um Leasanna Comhaltaí Sheanad Éireann, trí Chléireach na Dála ná an tSeanaid, mar is cuí. Cuirfidh an Cléireach an gearán ar aghaidh chuig an gCoiste cuí ar choinníoll go mbeidh dóthain fianaise ann chun cás *prima facie* a bhunú maidir le gearán.

Cé atá in ann gearán a dhéanamh	Ábhar an ghearáin aon duine
Sealbhóir	• Oifige[3] • Duine Sonraithe • Duine Bainteach
TD nó Seanadóir	• Seirbhíseach Poiblí • Sealbhóir Oifige
Aire Airgeadais	• Seirbhíseach Poiblí
Aon Aire (le cead an Aire Airgeadais)	• Seirbhíseach Poiblí i gcomhlacht ina bhfuil dualgas nó feidhmeanna tugtha dó nó di
Comhlacht Poiblí	• Stiúrthóir ainmnithe den chomhlacht sa chomhlacht • Sealbhóir poist ainmnithe position in the body
Údarás Cuí[4]	• Státseirbhíseach
Coiste um Leasanna Comhaltaí Dháil/ Sheanad Éireann	• TD nó Seanadói

Nóta[1]:

(i) is sealbhóir oifige nó sealbhóir d'oifig an Ard-Aighne nó ba ea, ag an tráth lena mbaineann an gearán, ach nach comhalta;

(ii) is comhairleoir speisialta nó, ag an tráth réamhráite, ba ea nó ag a raibh stiúrthóireacht ainmnithe nó, a bhí i seilbh poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí, nó

(iii) sealbhaíonn nó, ag an tráth réamhráite, shealbhaigh stiúrthóireacht nó post fostaíochta i gcomhlacht poiblí.

Nóta[2]: duine atá bainteach le pearsa aonair bealach gaoil teaghlaigh nó gnó.

Nóta[3]: Aire Rialtais, Aire Stáit, Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach de Dháil/Sheanad Éireann.

Nóta[4]: tríd is tríd an Rialtas mar an t-údarás ceapacháin do thromlach na státseirbhíseach.

Fiosrúcháin Féinthionscnaithe

Chomh maith leis na forálacha a bhfuil cuntas fúthu thuas lena féidir gearáin a dhéanamh, is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, dá thionscnamh féin, cinneadh a ghlacadh imscrúdú a dhéanamh lena fháil amach an bhfuil gníomh sonraithe déanta ag duine sonraithe, nó ag duine bainteach nó an bhfuil na hAchtanna um Eitic sáraithe. Mar sin féin, cé gur féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh, sa chás go ndéantar gearán maidir le gníomh sonraithe nó leis na hAchtanna um Eitic a shárú, ní féidir leis sin a dhéanamh má bhíonn sé ag gníomhú ar a thionscnamh féin agus mura mbíonn gearán faighte aige. Is é an ról atá ag Oifigeach Fiosrúcháin i gcás gearáin ná réamhfhiosrúchán a dhéanamh faoin ábhar a rinneadh gearán faoi. Tugann na hAchtanna um Eitic cumhacht don Oifigeach Fiosrúcháin chun:

- fianaise an ghearánaí nó aon duine eile cuí a fháil;
- ábhar an ghearáin a chur faoi bhráid an duine;
- deis a thabhairt don duine atá mar ábhar ag an ngearán ráiteas a dhéanamh;
- agallaimh a dhéanamh leis an ngearánaí agus leis an duine atá mar ábhar ag an ngearán;
- iarraidh ar dhuine aon cháipéis cuí atá i seilbh nó faoi smacht an duine a chur ar fáil; agus
- tuairisc a dhéanamh i scríbhinn chuig An Coimisiún um Chaighdeáin.

Ní bheadh aon chinntí ná aon thorthaí i dtuarascáil den sórt sin, ach léireofaí, arna iarraidh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, tuairim an Oifigigh Fhiosrúcháin cibé an raibh fianaise prima facie ann chun seasamh leis an ngearán.

Ba fhorbairt shuntasach a bhí i dtabhairt isteach na foráile in Acht 2001 a cheadaíonn don Choimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh mar go dtugann sé deis réamh-imscrúdú a dhéanamh ar ghearán gan gá dul i muinín nósanna imeachta iomlán na reachtaíochta atá an-fhoirmiúil ón tús ar fad. Mar sin féin, sa chás nach mbíonn aon ghearán déanta agus go gcineann an Coimisiún um Chaighdeáin dá thionscnamh féin breithniú an dteastaíonn imscrúdú in aon imthosca ar leith, is fachtóir choisctheacha é gan foráil a bheith ann a cheadódh Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh. Faoi alt 18 d'Acht 2001, is féidir le Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin treoir a thabhairt d'aon duine cáipéisí a fhollasú faoi mhionn, atá nó a bhí faoi smacht nó i seilbh an duine sin, atá bainteach le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin aon fhianaise eile a d'fhéadfadh a bheith ina seilbh aige a bhreithniú. Mar sin féin, mura bhfuil gearán ann, ní féidir leis Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamh imscrúdú a dhéanamh. Breithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht ionas gur féidir Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh i gcásanna gur mian leis tabhairt faoi cheist faoin reachtaíocht ach nach bhfuil gearán faighte aige.

Sealbhóirí Oifige

I roinnt cásanna le linn na bliana tháinig sé ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin gur úsáid roinnt sealbhóirí oifige saoráidí a íocadh astu amach as cistí poiblí chun críche toghcháin. Déileáltar le húsáid saoráidí den sórt sin maidir le toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 i gCaibidil 2 den tuarascáil seo.

Dhírigh an cheist ar mar a theip ar na sealbhóirí oifige lena mbaineann forálacha an *Chóid Iompair do Shealbhóirí Oifige* a chomlíonadh maidir le húsáid chuí a bhaint as saoráidí oifigiúla a íocadh astu as póca an cháiníocóra. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach duine de na sealbhóirí oifige, agus i roinnt cásanna chuig Ard-Rúnaí na Roinne Rialtais cuí, ag iarraidh cuntas iomlán ar na gníomhaíochtaí a tharla agus sonraí de na costais fabhraithe. Chomhoibrigh gach duine de na sealbhóirí oifige go hiomlán leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Forálann alt 4 d'Acht 2001 gur féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin gur ghníomhaigh duine sonraithe ar bhealach a bhí ar neamhréir le comhlíonadh cuí feidhmeanna na hoifige a bhí i seilbh an duine sin ná le muinín a choinneáil san fheidhmiú sin ag an bpobal tríd is tríd agus bhí tábhacht mhór poiblí leis an gceist. Forálann an reachtaíocht freisin, sa chás nach mbíonn gearán sonraithe ann, gur féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin cinneadh a dhéanamh an bhfuil imscrúdú cuí maidir le gníomh sonraithe líomhanta ó dhuine sonraithe, lena n-áirítear sealbhóir oifige. I bhfianaise na gcásanna a tháinig roimhe agus na gcritéar reachtúil a tugadh cuntas fúthu, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin gan imscrúdú foirmiúil a dhéanamh. Ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin san áireamh áfach an *Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige* a scríobh an Rialtas, go háirithe altanna 1.5 agus 2.2.3 de sin, agus chinn sé an cheist a tharraingt aníos leis na sealbhóirí oifige a bhí i gceist.

Forálann Mír 1.5 den chód gur chóir do shealbhóirí oifige *"na caighdeáin iompair is airde a chomhlíonadh ag gach tráth agus gníomhú ar bhealach maith le trédhearcacht, cothromas agus neamhchlaontacht ar mhaithe le gach duine i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna oifigiúla"* agus *"nach ngníomhódh sealbhóirí*

oifige go háirithe ach trí thagairt dá n-oifigí agus trí acmhainní a n-oifigí a thiomnú ar mhaithe le leas an phobail a chur chun cinn".

Forálann Mír 2.2.3 den chód i gcás sealbhóirí oifige *"Cuirtear ar fáil do shealbhóirí oifige saoráidí ar chostas don phobal d'fhonn gur féidir gnó an phobail a rith go héifeachtach. Is ceart go mbeadh úsáid na saoráidí sin de réir an phrionsabail seo. Tá próifíl phoiblí ard ag sealbhóirí oifige poiblí agus is ceart go gcoinneoidís i gcuimhne gur gá a sheachaint go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach a d'fhéadfaí a fhorléiriú go réasúnach mar ardú neamhoiriúnach próifíle i gcomhthéacs Olltoghcháin*. Ní ceart saoráidí oifigiúla a úsáid ach chun críoch oifigiúil. Is ceart go gcinnteodh sealbhóirí oifige go bhfuil an úsáid a bhaineann siad as saoráidí a chuirtear ar fáil go hoifigiúil saincheaptha chun luach ar airgead a thabhairt don phobal agus is ceart go seachnóidís aon mhí-úsáid pribhléidí a ghabhann, gan dabht, leis an oifig".*

** Tá feidhm leis an bprionsabal céanna i gcás aon toghchán mar atá curtha in iúl do shealbhóirí oifige.*

Ag glacadh le freagra a fuarthas ó shealbhóir oifige amháin, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nach n-iompródh an cáiníocóir aon chostas a tháinig chun tosaigh ó na chuid gníomhaíochtaí agus nach raibh aon fhorais ann chun an cheist a thabhairt níos faide.

Maidir leis na sealbhóirí oifige eile, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh aird acu ar théarmaí an chóid iompair maidir le húsáid saoráidí Ranna agus nach siad treoraithe ag na téarmaí sin. Ghlac na sealbhóirí oifige a bhí i gceist leis sin agus thug siad le fios go raibh sé ar intinn acu na costais a aisíoc leis an Roinn/Oifig a bhí i gceist. Tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar an gconclúid gur freagra sásúil a bhí anseo. Agus é tugtha ar aird acu gurb é an Rialtas a scríobh an cód iompair, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin é oiriúnach comhairle a thabhairt don Taoiseach maidir leis an seasamh i ngach cás.

Is gnéith dár gcóras daonlathach é go mbeadh cearta agus dualgais ionadaíocha ag sealbhóirí oifige, chomh maith lena gcuid feidhmeanna aireachta. Tá leasanna polaitíochta páirtí dleathacha acu freisin. Soláthraítear saoráidí a n-íoctar astu amach as cistí poiblí, ar shealbhóirí oifige, chun cuidiú leo ina ról mar ionadaithe poiblí ach an oiread le comhaltaí eile Thithe an Oireachtais. Áirítear orthu sin liúntais chun oifig dáilcheantair a fháil agus chun foireann a chur ag obair ann, chun teileafón a úsáid, postas, páipéarachas agus araile. Chomh maith leis sin, soláthraítear Airí le hacmhainní laistigh dá gcuid Ranna chun déileáil le ceisteanna sa dáilcheantar. Soláthraítear na saoráidí sin ar chostas don cháiníocóir ionas go féidir le hAirí a gcuid dualgas ionadaíocha a chomhlíonadh go héifeachtach.

Sna cásanna a scrúdaíodh i 2004, cé nach raibh na costais a bhí i gceist iomarcach, d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh den mhuinín a bhí ag an bpobal as comhlíonadh cothrom agus ceart feidhmeanna na hoifige. Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin béim arís air gur chóir do shealbhóirí oifige, mar aon le ceannairí Ranna agus Oifigí Rialtais, a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta soiléir i bhfeidhm a chuireann in aghaidh úsáid mhíchuí a bhaint as cistí poiblí ar mhaithe le dul chun cinn pearsanta, toghcháin nó polaitíochta páirtí agus a chuireann cosc air sin.

An seasamh i ndáil leis an Teachta Michael Collins

Ina thuarascáil bhliantúil do 2003, leag an Coimisiún um Chaighdeáin amach an seasamh a bhí aige i ndáil leis an Teachta Michael Collins agus na céimeanna a thóg sé a tháinig chun cinn as ceanglais Achta 2001 maidir le fianaise ar chomhlíonadh na hAchtanna Cánach. Mar achoimre chuir an Teachta Collins Teastas Imréitigh Cánach agus Dearbhú Reachtúil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin an 14 Meitheamh 2002 chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin, ar an 26 Meán Fómhair 2003, foilsíodh a ainm in *Iris Oifigiúil* mar shealbhóir cuntais neamhchónaitheach bréagach. Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar an bhforbairt sin agus lorg comhairle dhlíthiúil i ndáil leis an bhfianaise ar chomhlíonadh cánach a fuair sé ón Teachta Collins de bhun alt 21 d'Acht 2001. Cuireadh in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nár tugadh faoi Acht 1995 ná faoi Acht 2001 aon údarás dó, in éagmais gearáin, imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha an Teachta Collins, mar chomhalta de Dháil Éireann. Ní leathnaíonn cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin, i ndáil le tionscnamh imscrúdaithe gan ghearán, chuig comhalta de Theach den Oireachtas nach sealbhóir oifige. Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin an gceadódh Acht 2001 imscrúdú ar bhailíocht na fianaise ar chomhlíonadh cánach a chuir an Teachta Collins ar fáil agus, ag féachaint do chomhairle dhlíthiúil, tháinig ar an gconclúid nach gceadódh.

Sna himthosca seo, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin ar thrí chúrsa gníomhaíochta:

1. tharraing sé aird an Aire Airgeadais, mar urraitheoir na reachtaíochta cumasaithe, ar theorainneacha na nAchtanna um Eitic a tugadh chun solais sna himthosca áirithe seo;

2. chuir sé an gnó ar aird an Choiste um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann mar an gcomhlacht a bhfuil, faoi na hAchtanna um Eitic, mar chúram air maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic maidir le comhaltaí Dháil Éireann nach sealbhóirí oifige;

3. d'atreoraigh sé an gnó chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le go mbreithneodh sé an raibh aon chion déanta ag an Teachta Collins.

Bhí an gnó faoi bhreithniú le linn Thuarascáil Bhliantúil 2003 a bheith á scríobh.

Ina dhiaidh sin, agus de bhun alt 22(2)(5)(b) d'Acht 1995 (ionsáite ag Sceideal 1 d'Acht 2001), chinn an Coiste um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann trí réiteach gur chóir don Choimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh. Rinne Cathaoirleach an Choiste gearán i scríbhinn leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir leis an gceist. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tús le himscrúdú ar an ngearán agus cuireadh an Teachta Collins ar an eolas dá réir. Chomh maith leis sin, chuir Oifig an SIP in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh an cheist curtha ar aghaidh chuig An Garda Síochána aige le haghaidh imscrúdaithe.

I Meitheamh 2004, tar éis tuairimí a léiríodh i gcomhfhreagras ón SIP agus freisin ó thuairimí a thug an Teachta Collins, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin a imscrúdú faoin ngearán a chur ar fionraí go dtí go ndéileálfaidh an SIP leis an gcás. Le linn don tuarascáil a bheith á scríobh, tá an cás fós á bhreithniú ag an SIP agus ag An Garda Síochána.

Conarthaí Caidrimh Phoiblí a Bhronnadh

I mí na Nollag 2004, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin ceisteanna a bhí á gclúdach ag na meáin maidir leis an mbaint a líomhnaíodh a bhí ag an Uasal Martin Cullen, TD, an tAire Iompair, le conarthaí caidrimh phoiblí a bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí i 2002 agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil i 2003 ar Monica Leech Uasal agus ar Monica Leech Communications.

Ionas go ndéanfaí cinneadh ar chóir imscrúdú a dhéanamh faoi na hAchtanna um Eitic, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin, de bhun alt 18 d'Acht 2001, gur chóir don Chathaoirleach treoir a thabhairt d'Ard Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus do Chathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí gach cáipéis a bhí ina seilbh nó faoina smacht acu a bhain leis na conarthaí a bhí i gceist a bhronnadh a fhollasú faoi mhionn.

I Feabhra 2005, thug an Coimisiún um Chaighdeáin a réamh-imscrúdú sna ceisteanna seo chun críche. Dhírigh an imscrúdú ar fhorálacha alt 14 d'Acht 1995 agus altanna 4 agus 7 d'Acht 2001. San fhianaise a bhí os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin bhí an tuarascáil a d'ullmhaigh an tUasal Dermot Quigley don Rialtas agus an doiciméadú a thug Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil don Choimisiún um Chaighdeáin ar scór na n-orduithe follasaithe. Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle dhlíthiúil freisin a fuair sé ón Abhcóide Sinsir.

Níor léirigh an fhianaise a bhí os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin cás *prima facie* lena dteastódh imscrúdú laistigh de théarmaí na reachtaíochta a bhí i gceist. Mar sin, ní leathnaigh na forais le haghaidh imscrúdaithe a d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin a dhéanamh thar raon na reachtaíochta cuí. Cuireadh an tAire Cullen ar an eolas faoi thoradh mhachnaimh an Choimisiúin um Chaighdeáin agus cuireadh deireadh leis an gcás.

Cóid Iompair

Forálann alt 10 d'Acht 2001 cóid iompair a thabhairt isteach do na hearnálacha seo a leanas, i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin:

- comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais;
- sealbhóirí oifige;
- seirbhísigh phoiblí.

Leagann gach cód iompair arna fhoilsiú de réir Acht 2001 amach na caighdeáin iompair agus ionracais a mbítear ag súil leo ó dhaoine lena mbaineann siad i bhfeidhmiú a ndualgas oifigiúil dóibh. Tá cóid iompair faoi Acht 2001 inghlactha in aon imeachtaí os comhair Cúirte nó binse eile, Coiste um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann nó Sheanad Éireann nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus is féidir aon fhoráil de chód a mheasann an binse, an Coiste nó an Coimisiún um Chaighdeáin a bheith oiriúnach do cheist sna himeachtaí a ghlacadh san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoin gceist.

Cóid iompair do chomaltaí

I 2002 d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin cóid iompair do chomhaltaí dhá Theach an Oireachtais, mar a dréachtaíodh ag Coistí um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann.

Cód iompair do shealbhóirí oifige

Ar an 3 Iúil 2003 d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin an Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige, mar a dréachtaíodh ag an Rialtas.

Cóid iompair do sheirbhísigh phoiblí

D'fhógair an tAire Airgeadais Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse i bhfoirm Ciorcláin 26/04, arna eisiúint an 9 Meán Fómhair 2004. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin an cód ina dhiaidh sin. Tá forálacha sa Chód maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- Neamhchlaontacht
- Státseirbhísigh agus polaitíocht
- Ómós don dlí
- Nochtadh eolais
- Déileálacha leis an bpobal
- Ciontuithe coiriúla
- Tinreamh agus feidhmiú
- Aird ar acmhainní an stáit
- Caidrimh le comhghleacaithe
- Tionchar nach bhfuil ceart
- Easaontachtaí leasa
- Nochtadh easaontachtaí leasa
- Bronntanais
- Fáilteachas
- Íoc as obair thar ceann comhlachtaí ón lasmuigh
- Conarthaí le, ceannacháin nó díolacháin le Ranna/Oifigí Rialtais
- Glacadh le ceapacháin ó lasmuigh agus le hobair chomhairliúcháin i ndiaidh éirí as oifig nó dul ar scor.

Tá foráil sa chód le Bord Ceapachán ó Lasmuigh a bhunú. Breithneoidh an Bord seo iarratais a dhéanfaidh státseirbhísigh chuige, ag leibhéal an Rúnaí Cúnta nó os a chionn, a mbeidh sé ar intinn acu a bheith bainteach le haon ghnó lasmuigh nó ceangailte leis lena raibh déileálacha oifigiúla ag an duine leo roimhe seo nó sa chás go mbainfeadh an gnó lasmuigh buntáiste míchothrom as an bhfostaíocht. Breithneoidh an Bord chomh maith iarratais ó státseirbhísigh den sórt sin a raibh *'poist ainmnithe'* acu chun críche na nAchtanna um Eitic agus ar mian leo, laistigh de dhá mhí dhéag ó éirí as oifig nó ó dhul ar scor ón tseirbhís, glacadh le tairiscint ceapacháin ó fhostóir lasmuigh den státseirbhís nó glacadh le hobair i dtionscadal comhairliúcháin áirithe, áit a bhféadfadh nádúr agus téarmaí an cheapacháin easaontacht leasa a bheith mar thoradh air.

Forálann Acht 2001 go bhféadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin, arna iarraidh ag sealbhóir oifige, comhairle a thabhairt don sealbhóir oifige maidir le feidhmiú nó neamhfheidhmiú an *Chóid Iompair do Shealbhóirí Oifige*. Déantar foráil den sórt sin maidir le comhairle a thugann an Coiste um Leasanna Comhaltaí cuí do chomhalta aon Teach den Oireachtas. Mar sin féin, ní dhéantar aon foráil maidir le státseirbhísigh nó seirbhísigh phoiblí. Dá réir sin, sa chás go mbíonn ceist ag státseirbhíseach aonair maidir le feidhmiú *Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*, ba chóir dóibh comhairle a iarraidh ón Rannóg Pearsanra ina Roinn/Oifig féin agus ní ón gCoimisiún um Chaighdeáin.

Forálann Acht 2001 freisin go bhfoilseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóid iompair ar bhealach agus i gcaoi a chinnteoidh sé féin. Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin go mbeadh sé oiriúnach *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse* a fhoilsiú i bhfoirm leabhráin láidir a bheadh le scaipeadh ar gach státseirbhíseach atá ann cheana féin agus ar iontrálaithe nua. Cuireadh leaganacha braille agus fuaime ar fáil freisin. Bhí socruithe ar bun chun an cód a scaipeadh ar bheagnach 37,000 státseirbhíseach ag deireadh 2004.

Ina Thuarascáil Bhliantúil do 2003, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin tagairt dá chomhairliúcháin leis an Roinn Airgeadais maidir le cóid iompair don tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Léiríodh imní go háirithe go bhféadfadh iomadú cód iompair a bheith ann ar fud na hearnála státurraithe agus dúirt an Coimisiún go bhféadfaí cód aonair a fhorbairt a mbeadh feidhm uilíoch aige san earnáil agus a d'oibreodh i gcomhthráth leis an *gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit* láithreach a cheadaigh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001. Ní eol don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil aon dul chun cinn déanta i 2004 maidir le forbairt cóid den sórt sin.

Cóid iompair d'údaráis áitiúla

Forálann Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 le haghaidh creat oibre eiticiúil don tseirbhís rialtais áitiúil. Sa chomhthéacs sin, forálann alt 169 den Acht sin go n-eiseodh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cóid iompair d'fhostaithe agus do chomhairleoirí údaráis áitiúla. Leagann na cóid seo amach iompar agus caighdeáin ionracais a bhítear ag súil ó chomhairleoirí agus ó fhostaithe agus tá siad leagtha síos mar bheartas chun cur le muinín an phobail ó thaobh feidhmeanna an údaráis áitiúil a chomhlíonadh.

Forálann Acht Rialtais Áitiúil 2001 freisin go bhféadfadh an tAire cóid den sórt sin a eisiúint i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus leis an Aire Airgeadais. Dá réir sin, i mí na Nollag 2003, lorg an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tuairimí an Choimisiúin um Chaighdeáin maidir le dréacht chóid do chomhairleoirí agus d'fhostaithe a bhí dréachtaithe aici.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin a chuid breithnithe ar fáil i 2004. Maidir leis na cóid d'fhostaithe agus do chomhairleoirí, mhol an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí foráil a dhéanamh áit a dtabharfaí cosaint in aghaidh athghabhála in aon imthoscaí a rinne fostaí nó comhairleoir a chreid go raibh air/uirthi gníomhú ar bhealach tuairisc *bona fide* nó gearán a bhí:

- mídhleathach, mícheart, nó neamheiticiúil;
- ag sárú na Comhdhála Bunreachtúil nó cód gairmiúil;
- a bhféadfadh míriarachán a bheith mar chuid de; nó
- a bhí neamhsheasmhach ar bhealach eile leis an gcód cuí.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl don Roinn go bhféadfadh alt 5 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, a thugann imdhíonacht do ghearánaithe faoin reachtaíocht sin, mar shamhail sa chás sin.

Bhí forchoimeáid eile ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin dréacht chód d'fhostaithe áit a déileáladh le 'Tinreamh agus Fostaíocht ó Lasmuigh'. Iarraidh breis comhairliúcháin leis an Roinn sa réimse sin. Go háirithe, thug an Coimisiún um Chaighdeáin le fios nach mbeadh sé sásta sa chás go mbeadh gnó ó lasmuigh, obair nó gníomhaíocht á déanamh ag an am céanna le fostaíocht an údaráis áitiúil, agus go bhféadfadh sé sin muinín an phobail a chaolú, agus chuirfí an cás sin ar aghaidh chuig maor le fáil amach cé chomh hoiriúnach agus a bheadh sé. Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir cosc tríd is tríd a bheith ar gnó, obair nó gníomhaíocht den sórt sin fad is a bhí an duine fostaithe ag údarás áitiúil, ar an gcoinníoll go gcuirfí an cheist ar aghaidh chuig maor sa chás go mbeadh neamhchinnteacht faoi.

Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin go mbeadh sé oiriúnach freisin foráil a chur san áireamh sa chód a thabharfadh eilimint smachta don chás ina bhféadfadh fostaithe de chuid údaráis áitiúil a gcuid fostaíochta a fhágáil agus comhairliúchán nó fostaíochtaí eile a thógáil san earnáil phríobháideach chuig a bhféadfaidís rochtain/eolas/teagmhálacha a thabhairt a phioc siad suas le linn an achair a raibh siad fostaithe leis an údarás áitiúil. In imthoscaí den sórt sin, measadh nach ndéanfadh sé aon dochar státchairde a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse áirithe. Cuireadh tuairimí ar fáil freisin maidir le roinnt mioncheisteanna téacsacha.

I Meitheamh 2004, d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an dá chód iompair, ceann d'fhostaithe údaráis áitiúla agus an ceann eile do chomhairleoirí. Bhí díomá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin, cé go raibh roinnt bheag de na mionleasuithe téacsacha a mhol sé curtha san áireamh sna cóid, nach léiríodh a chuid tuairimí ar cheisteanna eile a bhí níos tábhachtaí, lena n-áirítear na cinn a bhfuil cuntas fúthu thuas. Bhí ionadh ar an gCoimisiún nach ndeachaigh an Roinn i mbun breis comhairliúcháin sular eisíodh na cóid, go háirithe nuair a ghlactar leis gur lorgaíodh comhairliúchán den sórt sin maidir leis na forálacha a bhain le gnó ó lasmuigh.

I measc feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin um Chaighdeáin (alt 4 d'Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001) tá an imscrúdú ar ghearáin maidir le gníomhartha sonraithe a rinne duine sonraithe áit a bhfuil an ghníomhartha atá ar neamhréir le comhlíonadh cuí feidhmeanna na hoifige a bhí i seilbh an duine sin ná le muinín a choinneáil san fheidhmiú sin ag an bpobal tríd is tríd agus bhí tábhacht mhór poiblí leis an gceist. D'fhéadfadh fostaí de chuid údaráis áitiúil a bheith i gceist leis an duine sonraithe sa chás seo. D'fhéadfadh go gciallódh an gníomhartha sonraithe gur theip ar an bhfostaí na hoibleagáidí a leagadh síos sa chód iompair a chomhall agus go raibh torthaí tromchúiseacha mar thoradh ar an dteip sin. I bhfianaise ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ó thaobh gearán den sórt sin a imscrúdú, agus ag glacadh leis go mbeadh an cód iompair lárnach do na himeachtaí sin agus go bhféadfaí é a ghlacadh san áireamh agus an toradh á chinneadh, is trua é nár glacadh lena chuid tuairimí maidir le hábhar an chóid, nó ar a laghad, nár rinneadh plé níos sonraithe orthu.

CAIBIDIL 2

Na hAchtanna Toghcháin

Soláthraíonn Acht Toghcháin 1997 creat oibre chun síntiúis pholaitíochta a dhéantar le Teachtaí Dála, le Seanadóirí, MEPanna, páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí toghcháin a nochtadh agus teorainn a chur leo. Rialaíonn sé freisin an caiteachas a dhéanann páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí i dtoghcháin Dála, Seanad, i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin uachtaránachta. Forálann an tAcht costais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe agus tugann sé deis don Stát páirtithe polaitíochta a mhaoiniú (cuntas faoi sin i gCaibidil 3).

Mar thoradh ar luath thaithí a fháil ar an reachtaíocht a fheidhmiú thar ceann an iar-Choimisiúin Oifigí Poiblí, aithníodh go raibh riachtanas ann leasuithe a dhéanamh i roinnt réimsí. Baineadh é sin amach tríd an tAcht Toghcháin (Leasú) 1998 a achtú. Tharla tuilleadh athruithe leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2001, lena n-áirítear teorainneacha a thabhairt isteach ar luach na síntiús a bhféadfaí glacadh leo agus cosc ar shíntiúis coigríche a ghlacadh. Leagann Acht 2001 rialacha síos chomh maith a chlúdaíonn clárúchán agus maoiniú tríú páirtithe a mbíonn baint acu le gníomhaíocht pholaitiúil agus tá foráil ann chun síntiúis airgid a fhaightear ó bhrainsí páirtithe polaitíochta a thaifeadadh. I 2002, rinneadh leasú ar an reachtaíocht sin faoi dhó arís. Díreach roimh an olltoghchán Dála, rinne an tAcht Toghcháin (Leasú) 2002 soiléiriú ar cad a mheastar is síntiús a thugann páirtí polaitíochta dá n-iarrthóirí. Tar éis an toghcháin, chuir an tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2) 2002 siar an dáta a gcaithfí ráitis costais toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin go dtí go raibh imeachtaí sa Chúirt Uachtarach, faoi cad a chiallaigh costais toghcháin, tugtha chun críche. Chun éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí sa chás sin, rinneadh achtú ar an Acht Toghcháin (Leasú) 2004. Pléitear alt 33 d'Acht 2004 níos déanaí sa tuarascáil seo.

Le linn 2004, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin maoirsiú ar chomhlíonadh na reachtaíochta thuas ar fud a réimse leathan cliaint a bhfuil oibleagáidí reachtúla le comhall acu. Áiríodh Teachtaí Dála, Seanadóirí, MEPanna, páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe, aonaid chuntasaíochta de pháirtithe polaitíochta agus iarrthóirí ag toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus toghchán na huachtaránachta orthu sin. Níorbh ionann leis an seasamh faoi na hAchtanna um Eitic, áit a gcuirtear cosc ar roinnt eolais a fhaigtear faoin reachtaíocht sin a nochtadh, bíonn cuid mhór den ábhar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoina hAchtanna Toghcháin sa phobal i bhfoirm tuarascálacha chuig an gCeann Comhairle a chuirtear os comhair Thithe an Oireachtais. Cuirtear an t-ábhar ar fáil chomh maith don phobal lena imscrúdú agus lena chóipeáil, lena n-áirítear, i bhfoirm acoimhre, ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin. Chun téarmaí na reachtaíochta a chomhlíonadh, ní fhoilsítear sonraí cuntais bainc agus teastais síntiús airgid. Breithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí eolas a sheoltar chuige faoina hAchtanna Toghcháin ar fáil go forleathan. Feabhsófar rochtain ar an ábhar níos mó le linn 2005 nuair atáthar ag súil go dtabharfar chun críche uasghrádú atáthar a dhéanamh ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Tá eolas ó aischuir reachtúla éagsúla a rinneadh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le 2003 agus 2004 leagtha amach i bhfoirm tábla in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

Síntiúis

Síntiúis a nochtaigh Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa i leith 2003 agus 2004

Faoi 31 Eanáir 2004, bhí ar Theachtaí Dála, Seanadóirí agus ar Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a gcuid Ráiteas Síntiús agus doiciméadú a chuaigh leis a bhain le síntiúis a fuair siad sa bhliain fhéilire 2003 a chur ar fáil. Theastaigh eolas den chineál céanna a bhain leis an mbliain 2004 a bheith curtha ar fáil faoi 31 Eanáir 2005. Nochtadh síntiúis le luach iomlán €41,828.96 maidir le 2003. Is é seo an luach is lú ó tugadh isteach oibleagáidí nochtaithe i 1998 agus léiríonn sé 90% laghdú i gcomparáid leis an bhfigiúr €468,760.17 do 2002 nuair a tionóladh olltoghchán na Dála. Tá sé go maith freisin faoin bhfigiúr €166,793.79 do 2004 nuair a bhí toghchán Pharlaimint na hEorpa ar siúl.

I measc na síntiús nochtaithe bhí airgead, áitreabh, earraí agus seirbhísí. De réir na reachtaíochta, ní raibh gá a nochtadh ach amháin na síntiúis le luach de bhreis is €634.87. Ba é an uasluach síntiús a d'fhéadfaí a ghlacadh ná €2,539.48 ón síntiúsóir céanna sa bhlian chéanna. Tá cosc ar Theachtaí Dála, ar Sheanadóirí agus ar Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa síntiúis coigríche d'aon luach a ghlacadh. Ní féidir leo ach an oiread síntiús le luach níos mó ná €126.97 a ghlacadh mura mbíonn ainm agus seoladh

an deontóra acu. Má rinne an deontóir céanna níos mó ná síntiús amháin leis an Teachta Dála, Seanadóir nó Comhalta de Pharlaimint na hEorpa céanna le linn bliain féilire, ansin caithfear luach na síntiús a chomhbhailiú agus caithfear iad a nochtadh má bhíonn an luach iomlán níos mó ná €634.87.

Fuarthas 241 Ráiteas Síntiús iomlán maidir le 2003 (166 Teachta Dála; 60 Seanadóir agus 15 Comhalta de Pharlaimint na hEorpa) agus fuarthas 244 Ráiteas Síntiús maidir le 2004 (164 Teachta Dála; 2 Iar-Theachta Dála; 60 Seanadóir agus 18 Iar-Chomhaltaí agus comhaltaí reatha de Pharlaimint na hEorpa).

Is féidir na síntiúis a nochtadh maidir le 2003 agus 2004 a mhiondealú mar seo a leanas:

	2003	2004*
Teachtaí Dála	€32,828.48 (78.5%)	€127,427.76 (76.4%)
Seanadóirí	€6,500.48 (15.5%)	€6,500.00 (3.9%)
Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa	€2,500.00 (6%)	€32,866.03 (19.7%)
IOMLÁN	**€41,828.96 (100%)**	**€166,793.79 (100%)**

* *Áirítear le figiúirí 2004, maidir le Teachtaí Dála, síntiúis a nochtaigh Teachtaí Dála ar Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa iad freisin; maidir le Seanadóirí, síntiúis a nochtaigh Seanadóir ar Comhalta de Pharlaimint na hEorpa é freisin; maidir le Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, síntiúis a nochtaigh iar-Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa.*

Tá breis sonraí faoi shíntiúis a nochtadh maidir le 2003 agus 2004 curtha ar fáil in Aguisín 1, Tábla A.

Síntiúis a rinne ildheontóirí i 2003 agus 2004

Gnéith thábhachtach den reachtaíocht toghcháin ná an oibleagáid a bhíonn ar dheontóirí aonair Ráiteas Síntiús a chur ar fáil in imthoscaí ar leith. Ní mór Dearbhú Reachtúil a chur isteach leis an Ráiteas Síntiús. Forálann alt 24(1A) d'Acht 1997, mar atá tugtha isteach ag alt 6 den Acht Toghcháin (Leasú) 1998, ar dhuine a dhéanann síntiúis i mbliain fhéilire, agus a mbeidh an luach comhiomlán os cionn €5,078.95, iad seo a leanas a dhéanamh:

(i) beirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna nuair a rinneadh na síntiúis, nó

(ii) duine amháin nó níos mó agus don pháirtí polaitíochta ina raibh an duine sin nó níos mó ina gcomhaltaí nuair a rinneadh na síntiúis leo,

ní mór dó nó di Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag taispeáint luach comhiomlán na síntiús, an páirtí polaitíochta lena mbaineann agus ainm, cur síos ar an infhaighteoir agus seoladh an infhaighteora. Ní mór don deontóir an ráiteas a chur ar fáil beag beann ar cibé an gá don fhaighteoir na síntiúis a nochtadh chomh maith.

Táthar ag beartú leis an bhforáil seo ilshíntiúis a rinne duine le comhaltaí difriúla agus/nó le baill (ceanncheathrú agus craobhacha) den pháirtí polaitíochta céanna a nochtadh a b'fhéidir nach nochtófaí murach sin de bharr go bhféadfadh luach na síntiús aonair a bheith níos lú ná na tairseacha nochtaithe a bhaineann le faighteoirí áirithe. Fuair leasú bainteach a rinneadh ar Acht 1997 réidh leis an oibleagáid a bhí ar Oifigigh Chuí páirtithe polaitíochta fiosrúchán a dhéanamh faoi gach ball agus gach comhalta den pháirtí (tofa agus neamhthofa) le fáil amach an raibh síntiús d'aon chineál ná d'aon luach faighte acu, chun luach na síntiús ar fad a fuarthas ón deontóir céanna a chomhbhailiú agus chun é a nochtadh má chuaigh luach iomlán na síntiús a fuarthas ón deontóir céanna thar €5,078.95 i mbliain fhéilire.

Is amhlaidh atá sé mar sin féin, chomh maith le sonraí a chur ar fáil faoi shíntiúis ar luach de bhreis is €5,078.95 a fuarthas ó cheanncheathrú an pháirtí, bíonn ar Oifigigh Chuí na fiosrúcháin is gá a dhéanamh agus aon síntiús aonair a nochtadh, atá níos mó ná luach €5,078.95, a fuarthas ó fo-eagraíocht de chuid an pháirtí. Má dhéanann an duine céanna síntiús de luach is mó ná €5,078.95 le fo-eagraíocht agus go ndéanann sé/sí síntiús le ceanncheathrú an pháirtí, ba chóir don Oifigeach Cuí luach na síntiús a chomhbhailiú chun críocha nochtaithe.

Maidir le 2003, nochtaigh duine amháin síntiúis le luach iomlán €6,348.00 a rinne síntiúis le comhaltaí pháirtí polaitíochta agus leis an bpáirtí é féin. Ní bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin ráiteas nochtaithe dá leithéid i leith 2004.

Soláthraítear breis sonraí faoi na síntiúis a rinneadh i 2003 agus a nochtadh i 2004 in Aguisín 1, Tábla B.

Síntiúis a nochtaigh páirtithe polaitíochta i leith 2003 agus 2004

Faoi 31 Márta 2004, bhí ar gach ceann de na 13 páirtí polaitíochta cláraithe Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag tabhairt le fios an bhfuair aon duine acu aon síntiús níos mó ná €5,078.95 i luach le linn 2003. Bhí orthu eolas den chineál céanna maidir leis an mbliain 2004 a chur ar fáil faoi 31 Márta 2005. Ní gá do pháirtithe síntiúis ag luach €5,078.95 nó níos lú a nochtadh. Má dhéanann deontóir níos mó ná síntiús amháin leis an bpáirtí polaitíochta céanna le linn bliana, caithfear na síntiúis a chomhbhailiú agus a nochtadh má bhíonn an luach iomlán níos mó ná €5,078.95. Is é uasluach na síntiús is féidir

le páirtí polaitíochta a ghlacadh ón deontóir céanna sa bhliain chéanna ná €6,348.69. Léirigh ráitis a fuarthas i 2004, go bhfuair i 2003, páirtithe polaitíochta síntiúis ab fhéidir a nochtadh le luach iomlán €162,007.56 (ar aisíocadh €2,300 de). Ba é an figiúr ionann leis a nochtaigh páirtithe i leith 2002, bliain toghcháin, ná €265,799.52 (ar aisíocadh €10,450 de). Maidir le 2004, bliain toghcháin eile, ba é luach na síntiús a nochtaigh páirtithe polaitíochta ná €186,910.64.

Tá sonraí faoi na síntiúis a nochtadh in Aguisín 1, Tábla C. I gcás an Comhaontas Glas, Páirtí an Lucht Oibre agus an Pháirtí Shóisialaigh, is Teachtaí Dála de chuid na bpáirtithe nó Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a rinne na síntiúis ar fad a nochtadh. I gcás Shinn Féin, is Teachtaí Dála de chuid an pháirtí, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa nó MLAanna ar fad a rinne na síntiúis ar fad.

Toghchán Pharlaimint na hEorpa i Meitheamh 2004

Bhí vótaíocht do thoghchán Pharlaimint na hEorpa ar siúl an 11 Meitheamh 2004. Theastaigh Ráitis Síntiús a chomhlánaigh iarrthóirí nár éirigh leo agus Ráitis Costas Toghcháin a chomhlánaigh gach gníomhaire toghcháin a bheith curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach déanaí ná 6 Lúnasa 2004 (an 56ú lá i ndiaidh lá vótaíochta). Chomhlíon formhór na n-iarrthóirí nár éirigh leo agus gníomhairí toghcháin leis an gceanglas sin. B'éigean, mar sin féin, comhaid a chur ar aghaidh chuig An Garda Síochána maidir le:

1) An tUasal Gerard Hannan, 13 Salmon Weir, Annacotty, Luimneach, ar theip air Ráiteas Síntiús a chur ar fáil - agus is cion é sin faoin reachtaíocht; agus

2) An tUasal David Williams, Bindon Street, Inis, Co. an Chláir, ar theip air Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil - agus is cion é sin freisin faoin reachtaíocht. (Ghníomhaigh an tUasal Williams mar ghníomhaire toghcháin do Madeleine Taylor Quinn (FG) ag an toghchán).

Fuarthas Ráiteas Costas Toghcháin ón Uasal Williams ina dhiaidh sin ar an 27 Deireadh Fómhair 2004. Fuarthas Ráiteas Síntiús ón Uasal Hannan ar an 17 Samhain 2004. Is iad an Garda Síochána a chineann cibé an rachfar ar aghaidh le hionchúiseamh nó nach rachfar i gcásanna mar sin i gcomhairliúchán le hOifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Ní thugann an Coimisiún um Chaighdeáin ionchúiseamh in aghaidh aon duine.

Síntiúis

Nochtaigh 16 de na 30 iarrthóirí nár éirigh leo síntiúis de €121,453.43 ar an iomlán agus chuir siad Ráitis Síntiús ar fáil ag tabhairt le fios go bhfuair siad síntiús de luach de bhreis €634.87 maidir leis an toghchán. Tá sonraí achoimre de na síntiúis a nochtadh le fáil in Aguisín 1, Tábla D. Ní raibh ar na 13 iarrthóirí a éirigh leo a gcuid síntiús a nochtadh go dtí Eanáir 2005, ceanglas bliantúil é seo i gcás Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa.

Costais Toghcháin

Chaith gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí agus gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta breis is €4m (€4,007,978) ag an toghchán. Níor tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar aon fhianaise gur chaith aon ghníomhaire toghcháin nó gníomhaire náisiúnta an iomarca ag an toghchán. Tá sonraí achoimre de na costais a tabhadh curtha ar fáil in Aguisín 1, Tábla D.

Iarraidh ar bheirt *(An tUasal Jim O'Brien, Ceann Oifige, Oifig Pharlaimint na hEorpa, European Union House, 43 Molesworth Street, Baile Átha Cliath 2* agus *an tUasal Alan McPartland, 21 Grange Court, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16),* tar éis dóibh, de réir na reachtaíochta, an Coimisiún um Chaighdeáin a bheith a chur ar an eolas, roimh ré, go raibh sé ar intinn acu costais toghcháin a thabhú, sonraí a chur ar fáil faoi na costais don Choimisiún um Chaighdeáin. Chomhlánaigh an tUasal O'Brien Ráiteas Costas Toghcháin agus sheol sé ar ais é laistigh den sprioc reachtúil agus nochtaigh sé costais tabhaithe ag €55,476. Chuir an tUasal McPartland in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, nach raibh aon chostais tabhaithe aige féin. Ní raibh air, mar sin, Ráiteas Costas Toghcháin a chomhlánú.

Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin freisin gur chostais toghcháin a bhí sna costais a thabhaigh Coiste Forbartha Ospidéal Ginearálta Inis (EGHDC) (€980) agus Grúpa Gnímh Ospidéal an Aonaigh (NHAG) (€692.35). Fuarthas Ráiteas Costas Toghcháin ina dhiaidh sin ón Seanadóir Kathleen O'Meara thar ceann an NHAG agus ón Uasal Joe Arkins thar ceann EGHDC. Cé gur sháraigh an dá ghrúpa an reachtaíocht gan an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas roimh ré go raibh sé ar intinn acu costais toghcháin a thabhú, níor thug an Coimisiún um Chaighdeáin an cás níos faide de bhrí gur chomhlíon an dá ghrúpa an reachtaíocht thairis sin trí Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil.

Aisíoc costas toghcháin

Cháiligh seacht n-iarrthóir is fiche d'aisíoc a gcuid costas toghcháin trí bheith tofa nó trí cheathrú den chuóta a bhaint amach ag an toghchán. Cháiligh sé iarrthóir is fiche don uasaisíoc (€38,092.14) agus cháiligh an t-iarrthóir a bhí fágtha d'aisíoc

€28,307.52 (suim iomlán na gcostas toghcháin a tabhadh thar a cheann). B'ionann an suim iomlán a aisíocadh le hiarrthóirí cáilithe agus €1,018,703. Soláthraíonn Aguisín 1, Tábla D miondealú ar na haisíocaíochtaí.

Úsáid saoráidí áit a n-íoctar as an gcostas as cistí poiblí

Le linn Pharlaimint na hEorpa agus na dtoghcháin áitiúla, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt fiosrúchán/gearán ó mhuintir an phobail maidir le chomh hoiriúnach agus a bhí sé ag iarrthóirí sna toghcháin a bheith ag úsáid saoráidí ar mhaithe le críocha toghcháin a íocadh amach as cistí poiblí. Tagraítear don cheist seo freisin i gCaibidil 1. Don chuid is mó, bhain na gearáin le clúdaigh litreach de chuid an Oireachtais a bhí réamh-íoctha a úsáid.

Ag éirí as breithiúnais na Cúirte Uachtaraí agus na hArdchúirte i gcás *Desmond Kelly agus an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Éireann agus an Ard-Aighne (the Kelly Case)*, áit a tabhadh costais toghcháin ag toghchán Pharlaimint na hEorpa agus íocadh na costais as cistí poiblí, bhí costais den sórt sin faoi réir ag na teorainneacha caiteachais a bhí i bhfeidhm ag an toghchán agus a caitheadh cuntas a thabhairt orthu. Thug gníomhairí toghcháin seisear iarrthóirí cuntas ar úsáid áitreabh, earraí nó seirbhísí áit ar íocadh as na costais as cistí poiblí mar a rinne gníomhaire náisiúnta Pháirtí an Lucht Oibre.

Bhí ról maoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoina hAchtanna um Eitic sa chás go mbaineann an reachtaíocht sin le sealbhóirí oifige (e.g. comhaltaí an Rialtais agus Airí Stáit). Áirítear leis sin an *Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige* a chomhlíonadh, a dhréachtaigh an Rialtas agus a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin i mí Iúil 2003.

Mar a dúradh cheana féin i gCaibidil 1, tagraíonn alt 2.2.3 den chód i gcás sealbhóirí oifige *"Cuirtear ar fáil do shealbhóirí oifige saoráidí ar chostas don phobal d'fhonn gur féidir gnó an phobail a rith go héifeachtach"*. Leanann an t-alt *"is ceart go mbeadh úsáid na saoráidí sin de réir an phrionsabail seo"*. Luann alt 2.2.3 arís *"ní ceart saoráidí oifigiúla a úsáid ach chun críoch oifigiúil"*. *agus "Is ceart go gcinnteodh sealbhóirí oifige go bhfuil an úsáid a bhaineann siad as saoráidí a chuirtear ar fáil go hoifigiúil saincheaptha chun luach ar airgead a thabhairt don phobal agus is ceart go seachnóidís aon mhí-úsáid pribhléidí a ghabhann, gan dabht, leis an oifig"*.

Agus aird á thabhairt ar théarmaí an chóid iompair, is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin nach bhfuil sé oiriúnach ag sealbhóirí oifige saoráidí a úsáid a íoctar as cistí poiblí chun críocha toghcháin. Níl sé oiriúnach ach an oiread go gceadódh sealbhóirí oifige saoráidí den sórt sin, a chuirtear ar fáil chun cuidiú leo a gcuid dualgas oifigiúil agus ionadaíoch a chomhlíonadh, a bheith in úsáid ag daoine eile. I gcomhthéacs thoghchán Pharlaimint na hEorpa, scríobh Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin chuig sealbhóirí oifige ar an 5 Bealtaine 2004 ag tarraingt a n-aird ar na forálacha cuí den chód iompair agus ag meabhrú dóibh go bhfuil riachtanas ann a gcuid oibleagáidí faoin gcód a chomhlíonadh i ngach cás.

Ba shealbhóirí oifige a bhí i mbeirt de na hiarrthóirí ag an toghchán, ar thug a gcuid gníomhairí toghcháin cuntas ar úsáid saoráidí a íocadh as cistí poiblí, ag tráth an toghcháin. Míníodh don Choimisiún um Chaighdeáin gur bhain na saoráidí a d'úsáid duine acu le fiosrúcháin áirithe a bhain leis an toghchán a d'fhreagair foireann na hoifige dáilcheantair le linn uaire oibre. Aisíocadh an costas measta (€350) a bhí i gceist leis an Roinn Rialtais cuí.

Sa chás eile, bhain na costais a íocadh as cistí poiblí, ar thug an gníomhaire toghcháin cuntas fúthu, le costais a bhain le beirt thiománaithe aireachta agus rúnaí dáilcheantair. Soiléiríodh ina dhiaidh sin don Choimisiún um Chaighdeáin gur ar bhonn deonach a bhí baint (más ann) ag na daoine seo leis an bhfeachtas toghcháin agus go raibh siad ina bhun lasmuigh dá ngnáth uaire oibre. Níor chóir mar sin na costais a bheith áirithe mar chostais toghcháin. Fuarthas Ráiteas Costas Toghcháin leasaithe ina dhiaidh sin agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é.

Tá a mhacasamhail de na forálacha atá sa *Chód Iompair do Shealbhóirí Oifige* le fáil sna cóid iompair ar leithligh do chomhaltaí Thithe an Oireachtais nach sealbhóirí oifige. Is faoin gCoiste um Leasanna Comhaltaí gach Tí maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcód sin. Scríobh Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin chuig Cathaoirleach gach Coiste ar an 11 Bealtaine 2004 ag tabhairt ar aird an chomhairle a thug an Coimisiún um Chaighdeáin do shealbhóirí oifige. Ba chomhaltaí de na Tithe nach raibh ina sealbhóirí oifige (dhá Theachta agus Seanadóir) a bhí i dtriúr de na hiarrthóirí ar thug a ngníomhairí toghcháin cuntas faoi úsáid saoráidí a íocadh as cistí poiblí. Scríobh an Cathaoirleach arís chuig Cathaoirleach gach Coiste ar an 5 Samhain 2004 á gcur ar an eolas faoi seo.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gníomhaire náisiúnta Pháirtí an Lucht Oibre freisin maidir leis na costais toghcháin ar thug sé cuntas fúthu a taispeánadh a bheith íoctha as cistí poiblí. Tugadh le fios don Choimisiún um Chaighdeáin gur íocadh na costais a tabhadh as cistí a fuarthas faoin Liúntas Ceannairí Páirtí. Forálann alt 1(10)(5) den Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001 nach n-úsáidfear an Liúntas Ceannairí Páirtí do chostais toghcháin nó vótaíochta, nó

chun na costais sin a fhorchúiteamh. Agus an cás soiléirthe le Páirtí an Lucht Oibre, bhí an Coimisiún um Chaighdeáin sásta nach costais toghcháin a bhí sna costais ar tugadh cuntas fúthu agus bhí sé oiriúnach ag an bpáirtí íoc as na costais a bhí i gceist as maoiniú a soláthraíodh faoin Liúntas Ceannairí Páirtí.

Toghchán na hUachtaránachta i nDeireadh Fómhair 2004

Rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ordú ar an 13 Meán Fómhair 2004 agus cheap sé an 22 Deireadh Fómhair 2004 mar an lá a mbeadh an vótaíocht (más ann) ag toghchán na huachtaránachta ar siúl. Ní raibh aon vótaíocht ann de bhrí nár ainmníodh ach iarrthóir amháin, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uasal, ag an toghchán. Mar sin féin, tacaíonn téarmaí na Bunreachta agus forálacha an dlí reachtúil leis an seasamh go mbíonn toghchán uachtaránachta ann cibé an mbíonn vótaíocht ann nó nach mbíonn. Chomh luath agus a bhíonn toghchán ann, bíonn feidhm leis na rialacha a bhaineann le teorainn a chur le síntiúis agus iad a nochtadh agus le costais toghcháin agus le haischuir reachtúla áirithe a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Chuir Ceann Comhairimh na hUachtaránachta in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin ar an 30 Meán Fómhair 2004 go raibh an tUasal Sean Bairéad ceaptha ag an Uasal Mhic Ghiolla Íosa mar a gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta. Mar ghníomhaire don toghchán uachtaránachta, bhí ar an Uasal Bairéad Ráiteas Síntiús agus Ráiteas Costas Toghcháin, a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, laistigh de 56 lá tar éis an lá vótaíochta, i.e. faoi 17 Nollaig 2004. Bhí air freisin Deimhniú um Shíntiúis Airgid agus ráitis bhainc bainteacha a chur ar fáil maidir le haon chuntas síntiús polaitiúil a osclaíodh i leith thoghchán na huachtaránachta.

Síntiúis

Fuarthas Ráiteas Síntiús ón Uasal Bairéad ar an 15 Nollaig 2004. Léirigh an Ráiteas Síntiús go bhfuarthas síntiús den suim €137,492.81. Rinneadh aisíocaíochtaí (a léirigh i ngach cás 66% de chéadluach na síntiús a fuarthas) leis na deontóirí tar éis costais toghcháin a bheith íoctha. Ina Ráiteas Síntiús, thug an tUasal Bairéad sonraí faoi na síntiúis a fuarthas ó dhaoine aonair nach bhfuil cónaí orthu in oileán na hÉireann. I ngach cás dheimhnigh an tUasal Bairéad gur saoránach de chuid na hÉireann é an deontóir. Tuigtear nach bhfuarthas aon síntiúis anaithnid, síntiúis coigríche ná síntiúis de luach de bhreis an teorainn forordaithe (€2,539.48) maidir le toghchán na huachtaránachta. Tá sonraí faoin méid iomlán síntiús a fuair an tUasal Mhic Ghiolla Íosa agus an méid iomlán a aisíocadh le deontóirí le fáil in Aguisín 1, Tábla E.

Sa chás go bhfuair an t-iarrthóir síntiús airgid níos mó ná €126.97 **sular** ceapadh an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta, bhí ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus an síntiús sin a thaisceadh don chuntas agus aon síntiúis airgid bhreise (cibé luach atá air) a fhaigheann sé. De bhrí go bhfuair an tUasal Mhic Ghiolla Íosa síntiúis i bhfoirm £Steirlinge agus Euro sular ceapadh an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta, d'oscail an tUasal Mhic Ghiolla Íosa cuntas síntiús polaitiúil £Steirlinge agus cuntas síntiús polaitiúil Euro.

Sa chás go bhfuair an t-iarrthóir nó an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta síntiús airgid níos mó ná €126.97 **tar éis** an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta a cheapadh, bhí ar an ngníomhaire do thoghchán na huachtaránachta cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus an síntiús sin a thaisceadh don chuntas agus aon síntiúis airgid bhreise, cibé cén luach atá air, a fuair an t-iarrthóir nó an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta. D'oscail an tUasal Bairéad cuntas síntiús polaitiúil £Steirlinge agus cuntas síntiús polaitiúil Euro tar éis a cheapacháin freisin.

Bhí ar an Uasal Bairéad ráitis a chur ar fáil ón institiúid airgeadais inar osclaíodh cuntais síntiús polaitiúil dá chuid féin agus an tUasal Mhic Ghiolla Íosa. Bhí air freisin Deimhniú um Shíntiúis Airgid/Deimhniú Reachtúil a chur ar fáil ag dearbhú gur taisceadh do na cuntais gach síntiús airgid a fuarthas le linn na tréimhse ó osclaíodh na cuntais suas go dtí an lá vótaíochta agus gur úsáideadh na suimeanna ar fad a cuireadh do dhochar na gcuntas chun toghadh an iarrthóra a chur chun cinn nó chun tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin. Fuarthas an Deimhniú um Shíntiúis Airgid/Deimhniú Reachtúil agus na ráitis a tháinig ón institiúid airgeadais ón Uasal Bairéad laistigh den sprioc reachtúil.

Costais toghcháin

Rith an tréimhse toghcháin sa toghchán ón 13 Meán Fómhair 2004 go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2004. Bhí ar an ngníomhaire do thoghchán na huachtaránachta cuntas a thabhairt ar gach costas a tabhadh ar earraí, áitreabh nó seirbhísí (lena n-áirítear sochair chomhchineála) a bhí le húsáid ag an toghchán le linn na tréimhse sin. Bhí air freisin cuntas a thabhairt faoi aon chostais toghcháin a thabhaigh an t-iarrthóir sular ceapadh an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta agus aon chostais toghcháin a thabhaigh páirtí polaitíochta a thug tacaíocht don iarrthóir.

Fuarthas Ráiteas Costas Toghcháin/Deimhniú Reachtúil, mar aon le gach sonrasc/admhálacha tacaíochta cuí ón Uasal Bairéad ar an 15 Nollaig 2004. Léirigh siad sin gur tabhadh costais toghcháin de €45,470.76, a bhí go maith laistigh den teorainn caiteachais do thoghchán na huachtaránachta (€1,300,000 le CBL san áireamh). Tá sonraí achoimre de na costais toghcháin a nochtadh i Ráiteas Costas Toghcháin an Uasail Bairéad curtha ar fáil in Aguisín 1, Tábla F.

Aisíoc costas toghcháin

Is féidir aisíoc €260,000, nó suim iarbhír na gcostas toghcháin a tabhadh ar an iarrthóir (cibé acu is lú), a íoc le hiarrthóir a thoghaitear ag toghchán uachtaránachta. Cé gur cháiligh sí chun aisíoc a fháil ar na costais toghcháin a tabhadh ag an toghchán, thug an tUasal Bairéad le fios don Choimisiún um Chaighdeáin nach mbeadh an tUasal Mhic Ghiolla Íosa ag éileamh aisíoca ar chostais toghcháin de bhrí gur chlúdaigh na síntiúis a fuair sí féin nó a gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta a cuid costais ar fad.

Fiosrúcháin maidir le caiteachas ag olltoghchán Dháil Éireann 2002

Ag éirí as tuairiscí i bpáipéar nuachta i mí na Samhna 2003 faoi mírialtachtaí sna costais toghcháin ar tugadh cuntas fúthu thar ceann an Chomhairleora Nicky Kelly ag olltoghchán na Dála i mBealtaine 2002, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú ar na Ráitis Costas Toghcháin a chuir a ghníomhaire toghcháin agus gníomhaire náisiúnta Pháirtí an Lucht Oibre ar fáil. I ndiaidh cruinnithe leis na gníomhairí lenar bhain agus le hiondaithe eile Pháirtí an Lucht Oibre, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin amach cé go raibh roinnt costas toghcháin fágtha amach ag na gníomhairí as a gcuid Ráiteas Costas Toghcháin, níorbh eol dóibh go raibh Ráitis Costas Toghcháin a bhí bréagach nó míthreorach ar bhealach ábhartha curtha ar fáil acu. Cuireadh Ráitis Costas Togcháin leasaithe, a chuir an gníomhairí ar fáil arna iarraidh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 22 Meitheamh 2004. Ionas go mbeadh cion déanta faoin reachtaíocht, chaithfí a thaispeáint go rabhthas ar an eolas go raibh ráiteas a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin bréagach agus míthreorach ar bhealach ábhartha. Is fíneáil nach mó ná €25,394 agus/nó suas go dtí trí bliana príosúnachta an pionós, arna chúiseamh, i gcás cionta den sórt sin.

I mí Iúil/Lúnasa 2004 fuarthas breis aighneachtaí maidir le cruinneas Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin. Ardaíodh ceisteanna maidir le líon na bpóstaer a úsáideadh agus costais na bpóstaer ar thug an gníomhaire cuntas fúthu chomh maith le saincheisteanna a bhain le caiteachas a tabhadh le hoifig feachtais agus feithiclí feachtais a thabhairt amach ar cíos. Dúradh chomh maith nach raibh roinnt sonrasc/admhálacha a sholáthair an gníomhaire bona fide.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an ngníomhaire, an Comhairleoir Kelly agus chuig Páirtí an Lucht Oibre ag iarraidh tuairimí orthu maidir leis na saincheisteanna ar leith a ardaíodh. Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil chomh maith leis na soláthróirtí sin a raibh ceist ann maidir lena gcuid sonrasc/admhálacha agus le soláthróirtí eile a raibh a fhios go raibh seirbhísí curtha ar fáil acu d'aon iarrthóir nó páirtí polaitíochta a raibh baint acu leis an toghchán i ndáilcheantar Chill Mhantain.

Ag glacadh leis go raibh dhá bhliain caite ó bhí an toghchán ann, níor fhéad an Coimisiún um Chaighdeáin a bheith go hiomlán cinnte faoin gcineál ábhar toghcháin agus faoin méid ábhar toghcháin a d'úsáid an Comhairleoir Kelly sa toghchán. Bhí an méid a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin amach bunaithe ar na haighneachtaí a cuireadh isteach chuige agus ar na freagraí a fuair sé ón ngníomhaire toghcháin, an Comhairleoir Kelly agus Páirtí an Lucht Oibre chomh maith le freagraí a tháinig ó sholáthróirtí ábhar toghcháin sa dáilcheantar. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag comhréir dóchúlachta a d'eascair ón bhfianaise a bhí ar fáil dó. Ag teacht ar a chonclúid, thuig an Coimisiún um Chaighdeáin na hoibleagáidí a bhí air a bheith sásta gur dearnadh cion faoin reachtaíocht sula bhféadfadh sé cás a chur ar aghaidh chuig údaráis ionchúisimh.

Thuig an Coimisiún um Chaighdeáin go raibh roinnt míreanna caiteachais ann arbh chóir don ghníomhaire toghcháin cuntas a bheith tugtha aici fúthu, ach ag an am céanna ní rachfaí thar teorainn caiteachais an iarrthóra de bharr na suimeanna a bhí i gceist. In aineoinn tuairimí coinbhleasachta faoin leibhéal póstaeireachta a rinne an Comhairleoir Kelly sa toghchán, ní raibh aon fhianaise ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go raibh Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire bréagach nó míthreorach **ar bhealach ábhartha**. Níor fhéad an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, teacht ar thoradh mar sin, a chiallódh go gcaithfí an cheist a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí.

Chomh maith leis na saincheisteanna a ardaíodh maidir le Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire, dúradh chomh maith gur eagraigh an Comhairleoir Kelly raifil 'mídhleathach' le linn an toghcháin agus go ndeachaigh ranníocaíochtaí aonair a rinneadh leis an raifil thar luach glan €126.97. Má fuarthas ranníocaíochtaí den sórt sin, bheadh ar an gComhairleoir Kelly cuntas síntiús polaitiúil a oscailt. Ní faoin gCoimisiún um Chaighdeáin a bhí sé dlíthiúlacht, nó eile, an raifil a chinneadh. Ba í an cheist a bhí ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ná ar chomhlíon an Comhairleoir Kelly forálacha na reachtaíochta a bhain le síntiúis.

De bhrí nach raibh na taifid a bhain le ticéid a cheannach don raifil ar fáil níos mó, ní raibh an Comhairleoir Kelly in ann a rá an ndeachaigh aon ranníocaíocht aonair thar luach glan €126.97. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin amach go bhféadfadh sé go raibh ar an gComhairleoir Kelly cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus nach ndearna sé amhlaidh. Agus é ag scríobh chuig an gComhairleoir Kelly, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in

iúl dó go raibh sé riachtanach go mbeadh sé ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta a bhaineann le síntiúis nuair a ghlac sé ranníocaíochtaí d'imeachtaí bailithe-airgid. Sa chás sin, ba chóir a thabhairt ar aird nach cion é faoin reachtaíocht gan cuntas síntiús polaitiúil a oscailt.

Agus é ag tuairisciú ar an gcás seo, tá an Coimisiún um Chaighdeáin ag iarraidh aird a tharraingt ar na deacrachtaí a bhaineann le líomhaintí go bhfuil aischuir reachtúla míchruinn nó míthreorach a imscrúdú, mura gcuirtear líomhaintí den sórt sin, agus fianaise a thacaíonn leo, ar fáil don Choimisiún laistigh d'am réasúnach tar éis imeachta mar olltoghchán Dála. In aineoinn na moille a bhain le hábhar a chur i láthair sa chás seo agus luach fianaise an ábhair a cuireadh i láthair, ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin gach céim réasúnach le bheith sásta nach dearnadh cion. Sa chás sin, tá sé tábhactach a rá gur chomhoibrigh na daoine a rinneadh na líomhaintí fúthu, agus daoine eile go hiomlán leis na fiosrúcháin. Bheadh sé, mar sin féin, i bhfad níos oiriúnaí dóibh siúd a bhfuil imní orthu faoi aischuir a rinneadh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, gníomhú go caoithiúil tar éis don ábhar a bheith curtha ar taispeáint go poiblí.

Alt 33 den Acht Toghcháin (Leasú) 2004

Chinn breithiúnas na hArdchúirte, a dhaingnigh an Chúirt Uachtarach, i gcás Desmond Kelly, a dtagraítear dó níos luaithe ag leathanach 24, go raibh mír 2(c) de Sceideal an Acht Toghcháin 1997, mar a bhí leasaithe, neamhbhailí. Dearbhaíodh alt 2(a) den Sceideal, **a mhéid agus a bhí feidhm leis le halt 22(2)(b)(ii) den Acht**, neamhbhailí chomh maith. Níor thagair aon Chúirt de mhír 2(a) den Sceideal mar a bhí feidhm leis le halt 46(2)(b) den Acht 1997 (arb iad na forálacha cuí iad a bhaineann le toghchán uachtaránachta).

Cuireadh tús le halt 33 den Acht Toghcháin (Leasú) 2004 (Acht 2004) le héifeacht ón 19 Bealtaine 2004. Tuigeadh ó phlé a rinneadh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil gurb é an aidhm a bhí le halt 33 ná **leasú a dhéanamh ar mír 2(a)** den Sceideal chun breithiúnais na Cúirte a léiriú. Bhain alt 33 d'Acht 2004 áfach **amach mír 2(a)** den Sceideal ar fad. Chiallaigh sé sin nach raibh na hábhair ar fad a tagraíodh dóibh ag alt 22(2)(b)(i-v) d'Acht 1997 curtha as an áireamh go sainiúil as seo amach mar a bhí sainmhínithe mar chostais toghcháin. Go teicniúil mar sin, d'fhéadfaí na hábhair a tagraíodh dóibh ag alt 22(2)(b)(i-v) a mheas mar chostais toghcháin má bhí siad cuimsithe ag an sainmhíniú mar chostais toghcháin mar a foráladh in alt 31 d'Acht 1997 agus i mír 1 de Sceideal an Achta 1997. Áirítear iad seo a leanas ar na míreanna a tagraíodh dóibh in alt 22(2)(b)(i-v):

- an tseirbhís phoist saor in aisce a sholáthair An Post d'iarrthóirí i dtoghcháin;

- seirbhís saor in aisce a sholáthair duine aonair;
- seirbhís a sholáthair fostaí de chuid páirtí polaitíochta;
- gnáth chlúdach meán; agus

- craoladh raidió nó teilifíse thar ceann iarrthóra nó páirtí polaitíochta.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an 17 Meitheamh 2004 ag léiriú an imní a bhí air faoi mhír 2(a) den Sceideal a bhaint amach. Tharraing sé aird na Roinne freisin ar mhíreanna sainiúla caiteachais a dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin (ina threoirlínte do thoghchán Pharlaimint na hEorpa) nach measfaí mar chostais toghcháin ach, tar éis mír 2(a) den Sceideal a bhaint amach, a d'fhéadfaí a chuimsiú ag an sainmhíniú mar chostais toghcháin anois.

Is é an míniú a thug an Roinn ar mír 2(a) den Sceideal a bhaint amach, ná go bunúsach, nach raibh na míreanna dá dtagraítear dóibh leis seo áirithe, go díreach nó go hindíreach, in alt 1 den Sceideal, i.e. an liosta ábhar a mheasfar, agus a mheasfar amháin, a bheith mar chostais toghcháin. Ar an mbunús sin, ina tuairim, ní raibh gá ar bith na míreanna a chur as an áireamh go sainiúil ón sainmhíniú ar chostais toghcháin. Dúradh chomh maith dá mbeadh sé ar intinn ag an Oireachtas go measfaí ábhair mar sin mar chostais toghcháin, go mbeadh tagairt shonrach déanta dóibh in alt 1 de Sceideal an Achta 1997.

Ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle dhlíthiúil ar an ábhar. Mhol an chomhairle go raibh a léirmhíniú sin níos cirte agus nach mbeifí in ann na hábhair a tagraíodh dóibh faoi altanna 22(2)(b)(i-v) agus 46(2)(b)(i-v) den Acht 1997 a mheas as sin amach mar nithe nach costais toghcháin iad.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an 16 Lúnasa 2004 á chur ar an eolas faoi chúrsaí. Cuireadh in iúl don Aire nach raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a léirmhíniú a chur i bhfeidhm ar na héifeachtaí a bheadh le fáil réidh le halt 2(a) den Sceideal agus costais toghcháin a thaifeadadh i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa. Dá mbeadh gá cuntas a bheith tugtha ar na míreanna dá dtagraítear dóibh thuas mar chostais toghcháin bheadh a gcuid teorainneacha caiteachais sáraithe go cinnte ag líon mór gníomhairí toghcháin de chuid na n-iarrthóirí agus ag gníomhairí náisiúnta de chuid pháirtithe polaitíochta. Lean an Coimisiún um Chaighdeáin ar aghaidh ar an mbunús, go raibh a gcuid feachtas comhlíonta ag gníomhairí toghcháin agus ag

gníomhairí náisiúnta de réir na rialacha atá leagtha amach ina chuid treoirlínte (a foilsíodh sular achtaíodh alt 33 d'Acht 2004) agus de bhrí go raibh feidhm leis an inachtú sin le linn tréimhse an toghcháin (7 Bealtaine -11 Meitheamh 2004 agus sin san áireamh), nach mbeadh sé réasúnach iarraidh orthu cuntas a thabhairt faoina gcuid costas toghcháin ar bhunús difriúil ar fad.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl don Aire go raibh próiseas ar bun aige chun treoirlínte a ullmhú don toghchán uachtaránachta níos déanaí i 2004 agus go raibh sé den tuairim gur chóir do na treoirlínte a léirmhíniú ar an seasamh reachtúil a léiriú. Dúradh leis an Aire go mbeadh feidhm leis sin maidir le haon fothoghcháin Dála a d'fhéadfadh a bheith ann. Iarraidh ar an Aire an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas má bhíothar chun reachtaíocht leasaithe a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

Ina fhreagra dár dáta 15 Meán Fómhair 2004, d'aontaigh an tAire go rabhthas amhrasach faoi théarmaí alt 33 d'Acht 2004. Thug sé le fios go raibh sé ar intinn aige, ag tráth cuí, beartais reachtúla a thabhairt chun tosaigh a thabharfadh aghaidh ar an seasamh trí dheimhniú a thabhairt nach measfar na míreanna cuí mar chostais toghcháin. D'iarr sé go léireofaí a bheartas chun soiléireacht reachtúil a thabhairt don cheist in aon threoirlínte a d'fhoilseodh an Coimisiún um Chaighdeáin.

Ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin le hiarratas an Aire agus, ina threoirlínte do thoghchán na huachtaránactha (agus d'fhothoghchán na Dála 11 Márta 2005), léirigh sé an seasamh mar a bhí feidhm leis sular tugadh isteach alt 33 d'Acht 2004. Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin sásta go ndéanfaí gníomh maidir leis an ngealltanas i leith na reachtaíochta chomh luath agus a d'fhéadfaí. Agus é ag dul go dtí an clódóir, bhí Bille leasaithe á chur os comhair na Dála.

Aonaid Chuntasaíochta

Is é is ciall le haonad cuntasaíochta, i ndáil le páirtí polaitíochta, ná craobh, lena n-áirítear ceannoifig páirtí polaitíochta más aonad cuntasaíochta ar leith é, nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús de luach is mó ná €126.97. Ar fháil síntiúis **airgid** níos mó ná €126.97, ní mór don aonad cuntasaíochta cuntas a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát agus an síntiús sin in éineacht le haon síntiúis airgid bhreise a fhaigheann sé, cibé luach atá air, a thaisceadh sa chuntas.

Tháinig na forálacha dlíthiúla a bhaineann le haonaid chuntasaíochta i bhfeidhm 01 Eanair 2002. Ní mór do dhuine freagrach (an cisteoir de gnáth) gach aonad cuntasaíochta de pháirtí polaitíochta, faoin 31 Márta gach blian, ráiteas ón institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas síntiús polaitiúil oscailte ag an aonad cuntasaíochta a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag taispeáint na ngnóthaí a tharla sa chuntas sa bhliain roimhe ré. Bíonn ar an duine freagrach Deimhniú um Shíntiúis Airgid a chur ar fáil chomh maith lena ndearbhaítear go ndearnadh gach síntiús airgid a fuarthas le linn na bliana roimhe a thaisceadh don chuntas agus gur úsáideadh gach méid a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta.

Ní mór d'Oifigigh Chuí páirtithe polaitíochta an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas faoi aon athrú a dhéantar ar an duine freagrach i gcás aon cheann de na haonaid chuntasaíochta (lena n-áirítear athrú ar shonraí teagmhála) agus ainm agus seoladh gach aonad cuntasaíochta nua, lena n-áirítear ainmneacha agus sonraí teagmhála dhaoine freagracha a chur ar fáil.

Forálann na hAchtanna Toghcháin má theipeann ar dhuine freagrach aonaid chuntasaíochta an doiciméadú cuí a chur ar fáil, go mbeadh sé/sí dlite, ar chiontú achomair, fíneáil nach mó ná €1,269.70 a íoc. Bheadh an duine ciontach as cion breise maidir le gach lá i ndiaidh an chiontaithe a leanann an cion ar aghaidh agus i gcás gach cionta den sórt sin, bheadh an duine dlite, ar chiontú achomair, fíneáil nach mó ná €126.97 a íoc.

Níor chomhlíon gach aonad cuntasaíochta a gcuid oibleagáidí reachtúla le linn 2003 nó 2004. Ba léir don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh deacracht ag roinnt páirtithe polaitíochta agus ag a gcraobhacha (lena n-áirítear craobhacha in institiúidí tríú-leibhéal) nósanna imeachta a d'oibreodh a chur i bhfeidhm a chinnteodh go gcomhlíonfaí ceanglais na reachtaíochta. Ag glacadh na ndeacrachtaí sin san áireamh, cheadaigh an Coimisiún um Chaighdeáin beagán cead a gcinn a thabhairt dóibh siúd lenar bhain, agus mar thoradh air sin comhlíonadh na ceanglais tuairscithe de réir a chéile, cé go raibh sé níos déanaí ná an dáta sonraithe.

Tríú Páirtithe

Is é atá i dtríú páirtí aon duine, seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús chun críocha polaitíochta, de luach de bhreis ar €126.97. Tá an sainiú ar chríocha polaitíochta fíorleathan. Chomh maith le tagairt do thoghcháin agus reifrinn, clúdaíonn sé aon fheachtas a thacaíonn le haon pholasaí, nó a chuireann i gcoinne aon pholasaí, de chuid an Rialtais nó údaráis phoiblí, lena n-áirítear údarás áitiúil. Nuair a fhaightear síntiús de luach de bhreis ar €126.97, agus sula dtabhaítear aon chostais chun críocha polaitíochta, nó aon chostais breise, iarrtar ar thríú páirtí clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin tríd iad seo a leanas a chur ar fáil:

- ainm agus seoladh an tríú páirtí agus ainm agus seoladh an duine atá freagracht as a eagrú, bhainistiú nó as a chúrsaí airgeadais ("duine freagrach");

- ráiteas faoi nádúr, aidhm agus suim mheasta na síntiús chuig an tríú páirtí, agus costais atá measta don tríú páirtí, le linn na bliana;

- léiriú ar aon cheangal a d'fhéadfadh a bheith ag an tríú páirtí le haon pháirtí polaitíochta nó iarrthóir ag olltoghchán nó reifreann nó eile.

Tháinig na forálacha a bhaineann le tríú páirtithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2002. Cé go bhfuil feidhm leanúnach acu, tá siad an-bhainteach le hábhar le linn feachtas polaitíochta mar thoghcháin nó reifrinn.

Chláraigh dhá ghrúpa dhéag nó lean siad ag feidhmiú mar thríú páirtithe le linn 2003. Chomh maith le clárú, má fuair tríú páirtí síntiús airgid a bhí níos mó ná €126.97 bhí air/uirthi cuntas síntiús polaitiúil a oscailt. Sna himthoscaí sin, bhí ceangal ar dhuine freagrach an tríú páirtí ráiteas, a sholáthair an institiúid airgeadais ina raibh cuntas síntiús polaitiúil oscailte ag an tríú páirtí, inar sonraíodh na hidirbhearta a bhí déanta i ndáil leis an gcuntas le linn 2003 a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, faoin 31 Márta 2004. Bhí ceangal ar an duine freagrach freisin Deimhniú um Shíntiúis Airgid a chur ar fáil inar luadh go ndearnadh gach síntiús airgid a fuair an tríú páirtí le linn na bliana roimhe a thaisceadh don chuntas sin agus gur úsáideadh na méideanna go léir a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Níor mhór a bheith ag gábháil leis an Deimhniú dearbhú reachtúil go raibh, a mhéid ab eol don duine agus a chreid sé nó sí, an Deimhniú ceart ar gach bealach ábhartha agus go raibh gach beart réasúnach glactha ag an duine d'fhonn a bheith sásta le cruinneas an Deimhnithe.

As na 12 tríú páirtithe dá dtagairt dóibh thuas, chuir naoi gcinn acu an doiciméadú riachtanach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Dheimhnigh an trí tríú páirtithe a bhí fágtha nach tharla aon ghníomhaíocht ina gcuntas síntiús polaitiúil i 2003, agus mar sin nach raibh orthu Deimhniú um Shíntiúis Airgid a chomhlánú. Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin sásta gur chomhlíon na trí ghrúpa a bhí i gceist a gcuid oibleagáidí reachtúla faoin reachtaíocht.

D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin ar dhuine freagrach gach ceann de na tríú páirtithe a dheimhniú i scríbhinn má bhí an tríú páirtí chun leanúint ag feidhmiú le linn 2004. Chuir cúig cinn de na grúpaí in iúl go mbeidís ag feidhmiú i 2004.

Lasmuigh d'fheachtais toghcháin agus reifrinn, mar gheall go mbíonn an ceanglas chun clárú mar thriú pháirtí i bhfeidhm ag gach tráth chomh luath agus a fhaightear síntiús níos mó ná €126.97 chun críocha polaitíochta, bíonn an Coimisiún um Chaighdeáin ar a n-airdeall maidir le gníomhaíochtaí na ngrúpaí a d'fhéadfadh nach mbeadh clúdaithe ag an reachtaíocht. Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil le grúpaí den sórt sin chun a seasamh a shoiléiriú má dhealraíonn sé go bhféadfadh sé go gcuimseofaí na gníomhaíochtaí a bhfuil siad ina mbun ag an sainiú ar chríocha polaitíochta atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Le linn 2004, rinne 19 grúpa teagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, nó rinne an Coimisiún teagmháil leosan. Bhí baint ag na grúpaí sin le feachtais ar fud réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear an cosc ar chaitheamh tabac san ionad oibre, táillí boscaí bruscair, leasú árachais agus saincheisteanna comhshaoil. Thug formhór na ngrúpaí sin le fios nár bhain an reachtaíocht leo féin mar gheall nach bhfuair siad síntiúis pholaitiúla níos mó ná €126.97. Chláraigh dhá thríú páirtí nua i 2004, is iad sin:

- NASC, Irish Immigration Support Group Limited (Grúpa Tacaíochta Inimirce na hÉireann), St Marie's of the Isle, Sráid Sharman Crawford, Corcaigh agus

- Stop Bush Campaign (Feachtas Chun Stop a Chur le Bush), Pennock Hill, Sórd, Co. Bhaile Átha Cliath.

In aineoinn na n-iarrachtaí is fearr chun an seasamh dlí a mhíniú, is léir don Choimisiún um Chaighdeáin, bunaithe ar chomhfhreagras agus plé a bhí aige le réimse leatha grúpaí sibhialta, lena n-áirítear Eagraíochtaí nach Eagraíochtaí Rialtais tábhachtacha, go bhfuil míthuiscint mhór agus neamhchinnteacht maidir le conas, agus cén fáth, go mbainfeadh forálacha na reachtaíochta atá i gceist leosan. Dhéileáil an Coimisiún um Chaighdeáin go sonrach leis an ábhar sin ina dhoiciméad *Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin 1997 go 2002*, a chur sé ar fáil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2003. Scaipeadh an doiciméad athbhreithnithe ar chomhaltaí dhá Theach an Oireachtais agus foilsíodh é ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tagraíodh don ábhar freisin i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin do 2003.

Sa chás go bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearáin faoi fheidhmiú na gnéithe seo den reachtaíocht, tá sé ráite aige le gearánaithe aighneacht a chur isteach chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in am tráth ionas go bhféadfaí na tuairimí a léirítear a ghlacadh san áireamh in aon athbhreithniú ar an reachtaíocht. Tuigeann an Coimisiún um

Chaighdeáin go bhféadfadh sé go bhfuil roinnt aighneachtaí mar sin curtha isteach.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós den tuairim, seachas síntiúis a fhaightear a bheith mar fhachtóir cinntithe i gcónaí, gur chóir díriú ar chaiteachas a thabhaíonn tríú páirtithe chun críocha polaitíochta. Ní mór chomh maith leis sin an sainmhíniú atá le críocha polaitíochta a athmhíniú. Tá cuntas iomlán de na cúiseanna atá leis sin i bhfoilseacháin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin roimhe seo a dtagraítear dóibh thuas. Go deimhin tá an seasamh reatha níos casta fós sa mhéid má fhaigheann tríú páirtí, ag aon tráth, síntiús de luach de bhreis €126.97 chun críocha polaitíochta, nach mór dó clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin; ina theannta sin, má bhíonn sé ar intinn ag an tríú páirtí, le linn tréimhse toghcháin, costais a thabhú chun iarrthóir a chur chun cinn nó seasamh i gcoinne iarrthóra nó páirtí polaitíochta sa toghchán, nó tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar bhealach eile, nach mór dó/di clárú ar leithligh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 31(7) d'Acht 1997 agus a bheag nó a mhór den eolas céanna a sholáthar den dara uair. Is fíor freisin, lasmuigh de thréimhse toghcháin, mura bhfuil síntiús chun críocha polaitíochta faighte, nach mbíonn aon teorainn reachtúil ar chaiteachas i gcás duine aonair nó grúpa ar aon chineál feachtais polaitiúil agus níl aon cheanglas ann clárú ná cuntas a thabhairt faoi chaiteachas den sórt sin.

CAIBIDIL 3

Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste

Déantar páirtithe polaitíochta a mhaoiniú go mór anois ón Státchiste faoi forálacha an Achta Toghcháin 1997, mar atá leasaithe, agus faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001.

Maoiniú díreach faoi na hAchtanna Toghcháin

Ó 1998 tá maoiniú ginearálta soláthairte faoi na hAchtanna Toghcháin. Bhí sé sin ar aon chéim le hoibleagáidí reachtúla a thabhairt isteach áit a mbíonn ar pháirtithe polaitíochta, agus ar dhaoine eile, síntiúis thar luachanna áirithe a nochtadh. Méadaíodh leibhéal an mhaoinithe go mór i 2001 tráth a cuireadh teorainneacha i bhfeidhm ar luach na síntiús a d'fhéadfaí a ghlacadh agus tugadh isteach cosc ar shíntiúis coigríche.

Chun cáiliú le haghaidh maoinithe faoi na hAchtanna Toghcháin, ní mór do pháirtí polaitíochta a bheith áirithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus caithfidh ar a laghad dhá faoin gcéad de na vótaí céadrogha san olltoghchán deireanach don Dáil a bheith slánaithe acu. Faoi láthair cáilíonn sé pháirtí polaitíochta ar bhonn thorthaí olltoghchán 2002.

Íocaíochtaí a rinneadh le páirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2003 agus 2004

Íoctar bunmhéid €126,974 go bliantúil le gach páirtí cáilithe. Ina theannta sin, tá gach páirtí cáilithe i dteideal cion de shuim bhliantúil a mhéadaítear ar an dul le méaduithe pá ginearálta sa státseirbhís. Déantar méid an chiste iníoctha le páirtí cáilithe a chinneadh trí vótaí céadrogha gach páirtí cháilithe san olltoghchán don Dáil is déanaí (Bealtaine 2002) a léiriú mar chion d'iomlán na vótaí céadrogha a fuair na páirtithe cáilithe go léir.

Is é a bhí sa mhaoiniú iomlán a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2003 ná €4,723,424 agus i leith 2004 ná €4,890,013.23. Is é a bhí san iomlán a bhí ar fáil do na páirtithe le caitheamh i 2003, a fholaíonn maoiniú gan chaitheamh á thabhairt ar aghaidh ó 2002, ná €5,256,055 agus is é a bhí san iomlán a bhí ar fáil do na páirtithe le caitheamh i 2004, a fholaíonn maoiniú gan chaitheamh á thabhairt ar aghaidh ó 2003, ná €5,758,402.23. Tá sonraí faoin maoiniú le fáil in Aguisín 1, Tábla G.

Cuntasaíocht ag páirtithe polaitíochta ar chaiteachas cistí i 2003 agus 2004

Ní mór do pháirtithe polaitíochta cáilithe cuntas a thabhairt ar an úsáid a bhaineann siad as an maoiniú ar bhonn bliantúil. Faoin reachtaíocht foráiltear nach mór an maoiniú a úsáid le riaradh agus bainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí agus lena shaothrú ar aon cheann dá chuspóirí agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, aon cheann de na cuspóirí seo a leanas nó iad uile:

- riaradh ginearálta an pháirtí;
- taighde, oideachas agus oiliúint;
- foirmiú polasaí;
- comhoibriú ar ghníomhaíochtaí craobhacha agus comhaltaí den pháirtí.

Meastar go bhfolóidh an maoiniú socrú i dtaobh chur chun cinn na páirtíochta ag mná agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil. Déantar socrú freisin nach féidir an maoiniú "a úsáid do chostais toghcháin nó reifrinn, nó chun na costais sin a fhorchúiteamh".

Soláthraíonn oifigeach cuí gach páirtí polaitíochta cháilithe Ráiteas Caiteachais Státchiste don Choimisiún um Chaighdeáin faoi 31 Márta gach bliain ina leagtar amach méid an mhaoinithe a fuarthas i leith na bliana roimhe sin, chomh maith le haon mhéid a tugadh ar aghaidh, agus na críocha lena húsáideadh é. Ní mór d'niúchóir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus ní mór tuarascáil an iniúchóra a chur leis an ráiteas faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin. Ní dhéantar íocaíochtaí i ndiaidh dheireadh Aibreáin d'aon bhliain le páirtí cáilithe mura bhfuil Ráiteas Síntiús agus Ráiteas Caiteachais Státchiste curtha ar fáil aige don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na bliana roimhe sin.

Tá miondealú ar conas a caitheadh an maoiniú a bhí ar fáil do gach ceann de na sé pháirtí polaitíochta cáilithe, i 2003 agus 2004, in Aguisín 1, Tábla H.

Aisíoc Costas Toghcháin

Faoi na hAchtanna Toghcháin freisin déantar socrú d'aisíoc costas toghcháin le hiarrthóirí, suas le huasmhéid de €6,348.69 in aghaidh an iarrthóra i gcás olltoghcháin don Dáil agus €38,092.14 i gcás toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus €260,000 i gcás toghcháin uachtaránachta. Chun cáiliú le haghaidh aisíoca, caithfidh sé gur toghadh na hiarrthóirí nó go bhfuair siad ar a laghad ceathrú den chuóta sa toghlach. I gcuid mhaith cásanna cuirtear na haisíocaíochtaí ar aghaidh chuig an bpáirtí polaitíochta má mhaoinigh an páirtí feachtas toghchánaíochta an iarrthóra.

Mar a dúradh i gCaibidil 2, leathanach 23 den tuarascáil seo, cháiligh fiche is a seacht iarrthóir d'aisíoc a gcostas toghcháin trí bheith tofa nó trí cheathrú den chuóta a bhaint amach ag toghchán Pharlaimint na hEorpa. Tá sonraí curtha ar fáil in Aguisín 1, Tábla D.

Maoiniú faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001, déantar socrú d'íoc liúntais bhliantúil le ceannaire parlaiminte páirtí polaitíochta cháilithe i ndáil le costais ag éirí as gníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde, an pháirtí. Tugtar an Liúntas Ceannairí Páirtí ar an liúntas sin agus tagraítear don reachtaíocht anseo mar an Acht um an Oireachtas, 2001.

Cé go bhfuil íocaíochtaí díreacha ag an Státchiste le ceannairí páirtí ann ó 1938, níor tugadh ról maoirseachta don Choimisiún um Chaighdeáin go dtí 2001 i ndáil leis an scéim Liúntais Ceannairí Páirtí. Tá íocaíochtaí faoin scéim sin anuas ar mhaoiniú arna fháil ag páirtithe faoi na hAchtanna Toghcháin.

Sainítear páirtí cáilithe mar pháirtí, cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a bhí san iomaíocht san olltoghchán deireanach nó in aon fhothoghcháin iardain agus ag a raibh comhalta amháin ar a laghad a toghadh do Dháil Éireann nó a toghadh nó a ainmníodh do Sheanad Éireann san olltoghchán sin nó ag aon fhothoghchán iardain.

Ríomhtar an liúntas le haghaidh gach ceannaire parlaiminte trí thagairt do líon comhaltaí an pháirtí a toghadh do Dháil Éireann san olltoghchán deireanach don Dáil nó i bhfothoghchán iardain, nó a toghadh nó a ainmníodh do Sheanad Éireann ag an olltoghchán deireanach don Seanad nó a ainmníodh dó i ndiaidh an olltoghcháin dheireanaigh.

Socraíodh leibhéal na liúntas iníoctha ag an Acht um an Oireachtas, 2001, agus tá sé faoi réir ag méadú tréimhsiúil de réir méaduithe pá ginearálta na státseirbhíse. I gcás Dháil Éireann, is é a bhí sa liúntas le linn 2003 agus 2004 ná:

	2003	2004
Na chéad 10 chomhaltaí	€53,266	€57,080
Ó 11 go dtí 30 comhalta	€42,612	€45,663
Os cionn 30 comhalta	€21,311	€22,837
Comhaltaí neamhspleácha	€30,649	€32,843

I gcás chomaltaí an tSeanaid, is é a bhí sa liúntas ná:

	2003	2004
Na chéad 5 chomhaltaí	€34,829	€37,323
Os cionn 5 comhaltaí	€17,415	€18,296
Comhaltaí neamhspleácha	€17,415	€18,662

Má fhoirmíonn páirtí cáilíochta cuid den Rialtas, déanfar na comhliúntais i leith a chomhaltaí den Dáil amháin a laghdú ag aon trian. Ní ceadmhach an liúntas a úsáid do chostais toghcháin nó vótaíochta, nó chun na costais sin a fhorchúiteamh agus níl cáin ioncaim dlite air.

Íocaíochtaí a rinneadh i leith 2003 agus 2004

Ba iad na ceannairí parlaiminte a cháiligh le haghaidh íocaíochtaí i 2003 agus 2004 ná:

An tUasal Parthalán Ó hEachthairn, TD, Taoiseach, Fianna Fáil
An tUasal Enda Kenny, TD, Fine Gael
An tUasal Pat Rabbitte, TD, Páirtí an Lucht Oibre
Mary Harney, TD, Tánaiste, An Páirtí Daonlathach
An tUasal Trevor Sargent, TD, An Comhaontas Glas
An tUasal Caoimhghín Ó Caoláin, TD, Sinn Féin
An tUasal Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach

Ní mór do gach ceannaire páirtí ráiteas d'aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhaítear é, tráth nach mó ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais ina bhfuil liúntas íoctha (i.e faoin 30 Aibreán). Ní mór don ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór é a chur in éineacht le tuarascáil an iniúchóra faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin laistigh den tréimhse 120 lá. Tá sonraí faoi na liúntais a bhí ar fáil do cheannairí parlaiminte i leith 2003 agus 2004 le fáil in Aguisín 1, Tábla I.

Ní íocfar an liúntas leis an gceannaire parlaiminte mura bhfuil an ráiteas caiteachais agus tuarascáil an iniúchóra faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin tráth nach mó ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais (i.e faoin 30 Aibreán). Sínítear an tréimhse 120 lá ag aon tréimhse dá mbíonn an Dáil scortha a tharlaíonn ar aon am leis an tréimhse sin.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur ar fáil don Aire Airgeadais á thabhairt le fios an bhfuil an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra curtha isteach laistigh den tréimhse shonraithe, an bhfuil aon chaiteachas neamhúdaraithe nochta agus an bhfuil an ráiteas leordhóthanach nó mí-oiriúnach. Ní mór cóip den tuarascáil don Aire Airgeadais a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a choinneáil ar feadh trí bliana agus ní mór dóibh a bheith ar fáil le haghaidh iniúchta phoiblí agus cóipeála.

Folaíonn "costais ag éirí as na gníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde" caiteachas ar na nithe seo a leanas:

(a) riaradh ginearálta ghníomhaíochtaí parlaiminte páirtí cháilithe,

(b) an soláthar comhairle teicniúla nó saineolaí ar dócha go mbeidh gá léi i ndáil le tograí reachtaíochta nó ábhair thionscnamh parlaiminte,

(c) taighde agus oiliúint,

(d) foirmiú polasaí,

(e) an soláthar seirbhísí comhairleacha, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú,

(f) sampláil vótaíochta nó dearcaí pobail i ndáil le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminte,

(g) ceannach seirbhísí tacaíochta le haghaidh páirtí parlaiminte ón bpáirtí,

(h) íoc aon tuarastail nó táille le ceannaire parlaiminte i leith dualgas a éiríonn as a c(h)uid gníomhaíochtaí mar an gceannaire sin atá difriúil ó ghníomhaíochtaí comhalta de Dháil Éireann nó sealbhóra oifige Aireachta,

(i) íoc aon tuarastail nó táille le duine eile i leith dualgas a éiríonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminte,

(j) an soláthar do chaiteachas iompair nó pearsanta, nó forchúiteamh an chaiteachais sin, arna thabhú ag ceannaire parlaiminte, oifigigh nó urlabhra páirtí parlaiminte mar thoradh ar fheidhm a bpáirtí parlaiminte,

(k) siamsaíocht.

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar na Ráitis Chaiteachais agus ar Thuarascálacha na nIniúchóirí Poibí a fuarthas i leith 2003 agus 2004 agus bhí sé sásta:

a) nár nocht siad aon chaiteachas nár chomhlíon an tAcht, agus

b) go raibh siad leordhóthanach agus nach raibh siad míoiriúnach.

Is ceart a thabhairt d'aire, mura ndéantar maoiniú i leith bliana ar leith a chaitheamh sa bhliain sin, ní mór cuntas a thabhairt air i Ráiteas na (m)bliana(ta) ina gcaitear é.

In Aguisín 1, Tábla J soláthraítear miondealú ar chaiteachas an Liúntais um Ceannairí Páirtí i 2003 agus 2004.

Léiríonn Tábla K luach iomlán maoiniú Státchiste i 2003 agus 2004 faoi na trí cheannteideal difriúla, i.e. na hAchtanna Toghcháin, áisíocaíochtaí caiteachas toghcháin agus an Liúntas Ceannairí Páirtí.



CAIBIDIL 4

Saoráil Faisnéise

Iarrataí ar fhaisnéis le linn 2004

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin dhá iarraidh le haghaidh taifid a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 le linn 2004. I gcás ceann de na hiarrataí, géilleadh ar rochtain chuig na taifid i bpáirt. Diúltadh rochtain chuig cuid de na taifid mar gheall gur bhain siad le cruinnithe de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin, agus is cion é sin a nochtadh faoi Alt 35 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (féach thíos).

Bhíothar ag déileáil leis an iarraidh eile ag deireadh 2004.

Cosc ar nochtadh faisnéise

Faoi alt 35 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, déantar cion má nochtar eolas a fhaightear faoi na hAchtanna um Eitic, nó a fhaightear trí fhreastal ar chruinniú de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin a thionóltar go príobháideach. Síneann an cosc sin ar nochtadh faisnéise chuig iarrataí ar thaifid arna ndéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Forálann alt 35 roinnt díolúintí sonracha don dearbhriail seo lenar féidir faisnéis a nochtadh sna himthosca seo a leanas:

- ag Aire Rialtais nuair a mheasann sé nó sí é a bheith ar mhaithe le leas an phobail;
- ag duine dár soláthraíodh ráiteas leasa má chreideann an duine sin go bhféadfadh coinbhleacht a bheith ann idir leas atá nó nach bhfuil nochta i ráiteas, agus leas an phobail;
- ag duine i gcomhlíonadh a c(h)uid feidhmeanna;
- ag duine, ar mhaithe le leas an phobail, d'Aire, don Ard-Rúnaí don Rialtas, do Choiste um Leasanna Comhaltaí, don Choimisiún um Chaighdeáin nó, i gcás sealbhóra poist ainmnithe, don údarás iomchuí sa chomhlacht poiblí;
- ag an gCoimisiún um Chaighdeáin de réir ordú cúirte;

ag, nó le ceadú, duine lena mbaineann an fhaisnéis, ar fhaisnéis í atá le fáil i dtuarascáil imscrúdaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin nó ag Coiste um Leasanna Comhaltaí nach bhfuil curtha faoi bhráid ceachtar den dá Theach [e.g. i gcás nár thángthas ar an gconclúid go raibh sárú ar na hAchtanna um Eitic ann i dtuarascáil a ullmhaíodh i ndiaidh imscrúdaithe a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin ar sheirbhíseach poiblí].

CAIBIDIL 5

Costais i 2004

Tugann an tábla thíos cuntas ar an gcaiteachas a thabhaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i 2004. Taispeántar na figiúirí do 2003 freisin chun críocha comparáide. Déantar socrú don chaiteachas i bhFocheann B de Vóta 17 [Ombudsman].

	2003 €'000	2004 €'000
Tuarastail Foirne	510	574
Taisteal agus Costais	2	8
Costais Theagmhasacha	112	165
Postas agus Teileachumarsáid	15	22
Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	42	42
Áitreabh Oifige	33	22
Táillí Comhairleachta agus Dlíthiúla	34	31
Iomlán	**748**	**864**

Tháinig méadú ar chaiteachas i dTaisteal agus Costais, Costais Theagmhasacha agus Postas agus Teileachumarsáid mar gheall ar chostais bhreise a bhain le maoirsiú a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin ar thoghchán Pharlaimint na hEorpa, e.g. costais a tharla mar gheall ar threoirlínte a fhoilsiú, fógraí poiblí a chur i nuachtáin, cruinnithe le hiarrthóirí agus gníomhairí toghcháin.

AGUISÍN 1

Tábla A: Síntiúis a nochtaigh Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa i leith 2003 agus 2004*

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Teachtaí Dála €	Seanadóirí €	CPnaE €	Iomlán €
Fianna Fáil	2003	29,268.48	2,961.00	Neamhní	**32,229.48**
	2004	**105,507.26	1,500.00	9,004.00	**116,011.26**
Fine Gael	2003	Neamhní	1,000.00	Neamhní	**1,000.00**
	2004	***7,000.00	5,000.00	3,000.00	**15,000.00**
Páirtí an Lucht Oibre	2003	3,560.00	Neamhní	Neamhní	**3,560.00**
	2004	3,920.50	Neamhní	5,034.55	**8,955.05**
Comhaontas Glas	2003	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
	2004	Neamhní	Neamhní	2,539.48	**2,539.48**
An Páirtí Daonlathach	2003	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
	2004	8,000.00	Neamhní	Neamhní	**8,000.00**
An Páirtí Sóisialach	2003	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
	2004	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
Sinn Féin	2003	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
	2004	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**Neamhní**
Neamh Pháirtí	2003	Neamhní	2,539.48	2,500.00	**5,039.48**
	2004	3,000.00	Neamhní	13,288.00	**16,288.00**
IOMLÁN	**2003**	**32,828.48**	**6,500.48**	**2,500.00**	**41,828.96**
	2004	**127,427.76**	**6,500.00**	**32,866.03**	**166,793.79**

* Áirítear le figiúirí 2004, maidir le Teachtaí Dála, síntiúis a nochtaigh Teachtaí Dála ar Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa iad freisin; maidir le Seanadóirí, síntiúis a nochtaigh Seanadóir ar Comhalta de Pharlaimint na hEorpa é freisin; maidir le Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, síntiúis a nochtaigh Iarchomhaltaí de chuid Pharlaimint na hEorpa.

** €2,152 aisíoctha le deontóirí

*** €2,500 aisíoctha le deontóir

Tábla B: Síntiúis a rinne ildheontóirí i 2003 agus 2004

2003			2004		
Deontóir	**Luach an Síntiúis**	**Ainm agus Seoladh Phoist an Fhaighteora**	**Deontóir**	**Luach an Síntiúis**	**Ainm agus Seoladh Phoist an Fhaighteora**
Ms. Nuala Ahern, MEP, 80 Heathervue, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantain.	€3,809	An tUasal Martin Nolan, Cisteoir, Comhaontas Glas, Ceanncheathrú, 5A Upper Fownes Str, Baile Átha Cliath 2.	**Níor nochtadh síntiús den sórt sin i 2004**		
	€2,539	An Comhairleoir Mary White, Comhairleoir Contae, Comhaontas Glas, Killedmond, An Bhuiríos, Co. Cheatharlach.			
Luach iomlán na síntiús a nochtadh	**€6,348**				

Tábla C: Síntiúis a nochtaigh páirtithe polaitíochta i leith 2003 agus 2004

	2003	2004
Páirtí Polaitíochta	**Luach iomlán na síntiús a nochtadh €**	**Luach iomlán na síntiús a nochtadh €**
Páirtí na nDaonlathach Críostaí (An Páirtí Náisiúnta)	Neamhní	Neamhní
An Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí	Neamhní	Neamhní
Páirtí Cummanach na hÉireann	Neamhní	Neamhní
Fianna Fáil	*8,579.00	43,572.00
Fine Gael	Neamhní	Neamhní
Comhaontas Glas	43,296.00	36,258.00
Páirtí an Lucht Oibre	6,348.69	Neamhní
An Páirtí Daonlathach	Neamhní	Neamhní
Sinn Féin	103,583.87	88,559.79
An Páirtí Sóisialach	6,200.00	18,520.85
Páirtí na nOibrithe Sóisialacha	Neamhní	Neamhní
Comhghuaillíocht Neamhspleách Chiarraí Theas	Neamhní	Neamhní
Páirtí na nOibrithe	Neamhní	Neamhní
IOMLÁN	***168,007.56**	**186,910.64**

* Of which €2,300 was returned to donor.

Tábla D: Caiteachas iomlán; síntiúis a nochtaigh iarrthóirí nár éirigh leo; aisíoc costas toghcháin ag toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004

* Páirtí Polaitíochta	Líon iarrthóirí	Caiteachas a rinne páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí ag toghchán Pharlaimint na hEorpa (amach as cistí poiblí)* €	Síntiúis a nochtaigh iarrthóirí nár éirigh leo amháin** €	Aisíoc costas toghcháin le hiarrthóirí (uasmhéid de réir an iarrthóra €38,092.14) €
Fianna Fáil	8	1,291,065.14 (8,452.74)	67,506.67	304,737.12
Fine Gael	6	1,135,170.78 (5,980.00)	Neamhní	228,552.84
Páirtí an Lucht Oibre	5	715,431.70 (7,187.40)	15,207.41	114,276.42
Comhaontas Glas	3	199,931.97 (265.38)	8,985.45	76,184.28
Sinn Féin	4	313,939.81	1,885.00	152,368.56
An Páirtí Sóisialach	1	28,307.52	Neamhní	28,307.52
An Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí	1	5,342.00	4,000.00	Neamhní
Neamhpháirtí	14	318,789.41	23,868.90	114,276.42
IOMLÁN	**42**	**4,007,978.33** **(21,885.52)**	**121,453.43**	**1,018,703.16**

Léiríonn na figiúirí i lúibíní an méid costas toghcháin a tabhadh amach as cistí poiblí atá áirithe sa phríomh figiúr.

** Iarraidh ar na 13 iarrthóir ar éirigh leo aon síntiúis a fuarthas ar mó a luach iomlán ná €634.87 a nochtadh ina Ráiteas Síntiús bliantúil maidir le 2004 agus tá siad áirithe sna figiúirí do 2004 i dTábla A.

Tábla E: Toghchán na huachtaránachta 2004 - cuntas ar na síntiúis a nochtaigh an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta

Líon iomlán a nochtadh	Líon na ndeontóirí	Líon iomlán a aisíocadh	Líon iomlán a coinneadh
Síntiúis Euro: €92,289.00	47	€60,910.74	€31,378.26
Síntiúis i Steirling: £31,600.00 (€45,203.81)	21	£20,856.00 (€29,834.50)	£10,744.00 (€15,369.31)
Iomlán (i Euro): **€137,492.81**	**68**	**€90,745.24**	**€46,747.57**

Tábla F: Toghchán na huachtaránachta 2004 - cuntas ar chostais toghcháin ar thug an gníomhaire do thoghchán na huachtaránachta cuntas orthu

Cineál Caiteachais	Méid
Fógraíocht	€3,025.00
Poiblíocht	€120.98
Postaeir Toghcháin	Neamhní
Ábhar Toghcháin Eile	Neamhní
Oifig agus Páipéarachas	€20,605.12
Iompar agus Taisteal	€36.98
Taighde Margaidh	€7,932.76
Oibrithe Feachtais	€13,749.92
Iomlán	**€45,470.76**

Tábla G: Sonraí de mhaoiniú Státchiste ag páirtithe polaitíochta cáilithe faoina hAchtanna Toghcháin maidir le 2003 agus 2004

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Méid Maoinithe a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin	Maoiniú iomlán a fuarthas maidir leis an mbliain	Maoiniú iomlán foriomlán atá ar fáil le caitheamh	Caiteachas iomlán de mhaoiniú a fuarthas	Iarmhéid maoinithe a tugadh ar aghaidh chuig an bhliain ina dhiaidh sin
		€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2003	39.00	1,972,279.00	1,972,318.00	1,481,922.00	490,396.00
	2004	490,396.00	2,049,876.00	2,540,272.00	1,924,000.00	616,272.00
Fine Gael	2003	287,261.00	1,126,877.00	1,414,138.00	1,158,611.00	255,527.00
	2004	255,527.00	1,168,924.23	1,424,451.23	1,333,737.00	90,714.23
Páirtí an Lucht Oibre	2003	133,326.00	606,324.00	739,650.00	617,184.00	122,466.00
	2004	122,466.00	626,481.00	748,947.00	622,009.00	126,938.00
An Páirtí Daonlathach	2003	Neamhní	303,264.00	303,264.00	303,264.00	Neamhní
	2004	Neamhní	310,678.00	310,678.00	310,678.00	Neamhní
Comhaontas Glas	2003	112,005.00	298,114.00	410,119.00	410,119.00	Neamhní
	2004	Neamhní	305,311.00	305,311.00	305,111.00	Neamhní
Sinn Féin	2003	Neamhní	416,566.00	416,566.00	416,566.00	Neamhní
	2004	Neamhní	428,743.00	428,743.00	428,743.00	Neamhní
IOMLÁN	**2003**	**532,631.00**	**4,723,424.00**	**5,256,055.00**	**4,387,666.00**	**868,389.00**
	2004	**868,389.00**	**4,890,013.23**	**5,758,402.23**	**4,924,478.00**	**833,924.23**

Tábla H: Miondealú ar an gcaiteachas a rinne páirtithe polaitíochta cáilithe ar mhaoiniú Státchiste faoina hAchtanna Toghcháin i 2003 agus 2004

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Riarachán Ginearálta	Taighde, Oideachas & Oiliúint	Foirmiú Polasaí	Comhoibriú ar Ghníomhaíochtaí craobhacha agus Comhaltaí den pháirtí	Rannpháirtíocht Ban a Chur Chun Cinn	Rannpháirtíocht Daoine Óga a Chur Chun Cinn	Méid iomlán an chaiteachais a caitheadh
		€	€	€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2003	1,432,496	Neamhní	Neamhní	34,849	14,577	Neamhní	1,481,922
	2004	1,893,820	Neamhní	Neamhní	11,250	18,930	Neamhní	1,924,000
Fine Gael	2003	681,976	25,236	Neamhní	380,136	12,826	58,437	1,158,611
	2004	586,741	1,069	24,901	583,008	50,961	87,057	1,333,737
Páirtí an Lucht Oibre	2003	396,692	46,477	56,529	51,231	37,688	28,567	617,184
	2004	415,425	50,575	31,365	51,770	34,235	38,639	622,009
An Páirtí Daonlathach	2003	161,632	10,000	15,213	116,419	Neamhní	Neamhní	303,264
	2004	235,040	8,360	43,103	24,175	Neamhní	Neamhní	310,678
Comhaontas Glas	2003	332,787	Neamhní	424	72,398	978	3,532	410,119
	2004	238,923	Neamhní	484	47,680	3,729	14,495	305,311
Sinn Féin	2003	222,463	30,108	48,437	81,169	27,442	6,947	416,566
	2004	184,541	25,340	30,783	143,677	11,189	33,213	428,743
IOMLÁN	**2003**	**3,228,046**	**111,821**	**120,603**	**736,202**	**93,511**	**97,483**	**4,387,666**
	2004	**3,554,490**	**85,344**	**130,636**	**861,560**	**119,044**	**173,404**	**4,924,478**

Tábla I: Sonraí faoi mhaoiniú Státchiste ag ceannairí parlaiminte pháirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Ceannairí Páirtí maidir le 2003 agus 2004

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Méid maoinithe a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin	Maoiniú iomlán a fuarthas maidir leis an mbliain	Maoiniú iomlán foriomlán atá ar fáil le haghaidh caiteachais	Caiteachas iomlán maoinithe a fuarthas	Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh chuig an bhliain ina dhiaidh sin
		€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2003	1,292,323	2,257,361	3,549,684	2,325,933	1,223,751
	2004	1,223,751	2,348,308	3,572,059	2,577,401	994,658
Fine Gael	2003	Neamhní	1,754,506	1,754,506	1,752,750	1,756
	2004	1,756	1,825,203	1,826,957	1,826,957	Neamhní
Páirtí an Lucht Oibre	2003	146,218	1,175,537	1,321,755	1,288,547	33,209
	2004	33,209	1,222,907	1,256,116	1,203,017	53,099
An Páirtí Daonlathach	2003	228,314	423,401	651,715	270,754	380,961
	2004	380,961	440,463	821,424	285,438	535,986
Comhaontas Glas	2003	309,644	319,596	629,240	32,730	596,510
	2004	596,510	332,475	928,985	369,839	559,146
Sinn Féin	2003	74,995	266,325	341,320	235,051	106,269
	2004	106,269	277,062	383,331	355,035	28,296
An Páirtí Sóisialach	2003	4,278	53,265	57,543	57,543	Neamhní
	2004	Neamhní	55,413	55,413	52,953	2,460
IOMLÁN	**2003**	**2,055,772**	**6,249,991**	**8,305,763**	**5,963,308**	**2,342,456**
	2004	**2,342,456**	**6,501,831**	**8,844,285**	**6,670,640**	**2,173,645**

Tábla J: Miondealú ar chaiteachas a rinne ceannairí parlaiminte pháirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Ceannairí Páirtí i 2003 agus 2004

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Riarachán Ginearálta	Comhairle saineolaí teicniúil	Taighde	Foirmiú Polasaí	Soláthar seirbhísí comhair-leacha	Vótaíocht	Seirbhísí Tacaíochta	Tuarastal nó táille le ceannaire	Tuarastal nó táille le duine éigin eile	Iompar, rl	Siamsaíocht	Iomlán
		€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2003	1,450,507	Neamhní	Neamhní	188,760	369,387	208,697	Neamhní	Neamhní	Neamhní	103,160	5,422	2,325,933
	2004	1,919,912	Neamhní	Neamhní	98,074	173,595	246,055	Neamhní	Neamhní	Neamhní	137,514	2,251	2,577,401
Fine Gael	2003	454,423	Neamhní	69,745	150,017	18,967	74,052	902,067	48,344	Neamhní	35,135	Neamhní	1,752,750
	2004	452,903	Neamhní	46,455	186,087	2,925	89,569	964,680	48,344	Neamhní	35,994	Neamhní	1,826,957
Páirtí an Lucht Oibre	2003	687,673	161,390	90,606	112,682	127,071	Neamhní	26,243	15,654	Neamhní	54,027	13,201	1,288,547
	2004	741,692	189,746	25,428	53,185	81,117	Neamhní	40,822	16,620	Neamhní	45,246	9,161	1,203,017
An Páirtí Daonlathach	2003	24,290	Neamhní	49,838	Neamhní	2,581	Neamhní	190,162	Neamhní	Neamhní	Neamhní	3,883	270,754
	2004	39,063	Neamhní	55,875	Neamhní	782	Neamhní	184,625	Neamhní	Neamhní	Neamhní	5,093	285,438
Comhaontas Glas	2003	3,435	Neamhní	28,059	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	1,236	Neamhní	32,730
	2004	Neamhní	Neamhní	4,788	Neamhní	Neamhní	Neamhní	361,500	Neamhní	Neamhní	3,551	Neamhní	369,839
Sinn Féin	2003	111,777	57,004	20,951	3,289	10,066	Neamhní	Neamhní	Neamhní	31,964	Neamhní	Neamhní	235,051
	2004	131,788	29,443	76,177	78,929	6,656	Neamhní	Neamhní	Neamhní	32,042	Neamhní	Neamhní	355,035
An Páirtí Sóisialach	2003	15,051	Neamhní	40,757	1,735	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	57,543
	2004	16,673	Neamhní	35,850	340	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	52,953
IOMLÁN	**2003**	**2,747,156**	**218,394**	**299,956**	**456,483**	**528,072**	**282,749**	**1,118,472**	**63,998**	**31,964**	**193,558**	**22,506**	**5,963,308**
	2004	**3,302,121**	**219,189**	**244,573**	**416,615**	**265,075**	**335,624**	**1,551,627**	**64,964**	**32,042**	**222,305**	**16,505**	**6,670,640**

Tábla K: Líon iomlán maoinithe Státchiste a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe faoina hAchtanna Toghcháin agus an Liúntas Ceannairí Páirtí i 2003 agus 2004, agus aisíocaíochtaí costas toghcháin a rinneadh le hiarrthóirí maidir le olltoghchán Dála 2002 (a rinneadh i 2003) agus toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 (a rinneadh i 2004)

Páirtí Polaitíochta	Bliain	Maoiniú iomlán a fuarthas faoin Liúntas Ceannairi Páirtí	Liúntas Ceannairí Páirtí Maoiniú ginearálta iomlán a fuarthas faoina hAchtanna Toghcháin	Líon iomlán na gcostas toghcháin a aisíocadh le hiarrthóirí faoina hAchtanna Toghcháin	Maoiniú Státchiste iomlán foriomlán
		€	€	€	€
Fianna Fáil	2003	2,257,361.00	1,972,279.00	660,264.00	**4,889,904.00**
	2004	2,348,308.00	2,049,876.00	304,737.00	**4,702,921.00**
Fine Gael	2003	1,754,506.00	1,126,877.00	463,454.00	**3,344,837.00**
	2004	1,825,203.00	1,168,924.23	190,460.00	**3,184,587.23**
Páirtí an Lucht Oibre	2003	1,175,537.00	606,324.00	241,101.00	**2,022,962.00**
	2004	1,222,907.00	626,481.00	114,276.00	**1,963,664.00**
An Páirtí Daonlathach	2003	423,401.00	303,264.00	88,882.00	**815,547.00**
	2004	440,463.00	310,678.00	Neamhní	**751,141.00**
Comhaontas Glas	2003	319,596.00	298,114.00	85,570.00	**703,280.00**
	2004	332,475.00	305,311.00	38,092.00	**675,878.00**
Sinn Féin	2003	266,325.00	416,566.00	158,304.00	**841,195.00**
	2004	277,062.00	428,743.00	152,368.00	**858,173.00**
An Páirtí Sóisialach	2003	53,265.00	Neamhní	12,697.00	**65,962.00**
	2004	55,413.00	Neamhní	28,307.00	**83,720.00**
IOMLÁN	**2003**	**6,249,991.00**	**4,723,424.00**	***1,710,272.00**	**12,683,687.00**
	2004	**6,501,831.00**	**4,890,013.23**	****828,240.00**	**12,220,084.23**

* Ní áirítear €157,639.96 le hiarrathóirí neamhpháirtí i 2003

** Ní áirítear €114,276 le hiarrthóirí neamhpháirtí i 2004

AGUISÍN 2

Foilseacháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin i 2004

Na hAchtanna um Eitic

1. Imscrúdaithe faoina hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 - Ráiteas de Nósanna Imeachta Beartaithe (Bealtaine 2004)

Na hAchtanna Toghcháin agus an tAcht um An Oireachtas 2001

2. Tuarascáil a bhaineann le Ráitis Síntiús agus Deimhnithe Reachtúla, i leith 2003, a chuir comhaltaí agus iarchomhaltaí dhá Theach an Oireachtais, ionadaithe i bParlaimint na hEorpa agus daoine eile ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de bhun alt 24 den Acht Toghcháin 1997 (Márta 2004)

3. Treoirlínte d'iarrthóirí, ghníomhairí toghcháin agus gníomhairí náisiúnta maidir le toghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 (Bealtaine 2004)

4. Tuarascáil a bhaineann le Ráitis Caiteachais agus Tuarascálacha Iniúchóirí Poiblí, i leith 2003, a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de bhun Alt 1.10(11)(a) agus Alt 1.10(11)(d) den Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001 (Meitheamh 2004)

5. Tuarascáil a bhaineann le Ráitis Síntiús Bliantúil agus Deimhnithe Reachtúla, i leith 2003, a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht Toghcháin 1997 agus Ráitis Bliantúla Caiteachais de Mhaoiniú Státchiste agus Tuarascálacha Iniúchóirí, i leith 2003, a chuir páirtithe polaitíochta cáilithe ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun Alt 20 d'Acht Toghcháin 1997 (Meitheamh 2004)

6. Treoirlínte ar shíntiúis agus ar chaiteachas i dtoghchán na huachtaránachta 2004 (Deireadh Fómhair 2004)

7. Tuarascáil a bhain le Ráitis Síntiús agus Deimhnithe Reachtúla a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 agus Ráitis Costas Toghcháin agus Deimhnithe Reachtúla a fuarthas ó ghníomhairí toghcháin iarrthóirí, ghníomhairí náisiúnta pháirtithe polaitíochta agus ó dhaoine eile i dToghchán Pharlaimint na hEorpa 2004 (Samhain 2004)

Is féidir na foilseacháin thuas ar fad a fhéachaint ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin - www.sipo.gov.ie